# Tuarascáil Bhliantúil Choimisinéir Cosanta Sonraí Na Héireann

Curtha faoi bhráid gach Tí an Oireachtais de bhun Alt 14 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Data Protection Commissioner

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Brollach | 1 |
| Ról agus Freagrachtaí | 4 |
| Athbhreithniú Achomair ar 2015 | 5 |
| Teagmhálaithe, Ceisteanna agus Gearáin | 6 |
| Fógraí Reachtúla Forfheidhmithe | 7 |
| Fógraí Faisnéise | 7 |
| Fógraí um Shárú ar Shonraí | 8 |
| Iarratas ar Rochtain ar Ábhar a Forfheidhmíodh | 9 |
| Iniúchtaí Príobháideachais | 10 |
| Treoir, Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha | 12 |
| Idirchaidreamh Tipiciúil le Cuideachtaí Teicneolaíochta | 13 |
| Rianú Domhanda Príobháideachais – Láithreáin Ghréasáin agus Feidhmchlár Soghluaiste | 14 |
| Staitisticí Clárúcháin | 16 |
| An tAontas Eorpach | 17 |
| Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta Eile | 18 |


# AGUISÍNÍ


| | |
|---|---|
| Liosta na nEagraíochtaí ar a ndearadh Iniúchadh nó Cigireacht in 2015 | 20 |
| Cás-Staidéir | 21 |
| Cur i Láthair agus Caidreamh Gníomhach le Páirtithe Leasmhara | 28 |
| Clárúchán in 2015 | 29 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 30 |
| Tuarascáil Fuinnimh | 30 |



HELEN DIXON
Data Protection
Commissioner of Ireland

# BROLLACH

Tá gliondar croí orm Tuarascáil Bhliantúil 2015 a chur i láthair. Tugtar cuntas inti ar ghníomhaíochtaí na hOifige dó seo, mo chéad bhliain iomlán mar Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (CCS).

Ba bhliain í inar thit dul chun cinn suntasach amach don Oifig agus le haghaidh cearta sonraí a chosaint ar leibhéal intíre agus idirnáisiúnta, agus tháinig forbairtí ar ardluas ar chúrsaí ar dóchúil go mairfidh siad.

**Fairsingiú Leanúnach**

I rith 2015, lean an CCS leis an gclár lena mbaineann ár gcumas agus ár n-acmhainní a thógáil trí earcaíocht shuntasach, ina measc saineolaithe speisialaithe dlíthiúla, teicniúla, imscrúdaitheacha agus cumarsáide. Tá breis agus 20 comhalta foirne den CCS suite anois in áitreabh sealadach i mBaile Átha Cliath ar Bhóthar Fhearchair, agus bhog foireann Bhaile Átha Cliath go dtí áitreabh tiomnaithe i lár na cathrach le linn an dara leath in 2016. Déanann an oifig nua seo ár n-aimsiú tíreolaíoch a fhairsingiú, agus oibríonn sí gan uaim leis na 28 comhalta foirne atá bunaithe i gCúil an tSúdaire, Contae Laoise. Mar gheall gurb údarás sinn atá freagrach as cearta um chosaint sonraí úsáideoirí a chosaint in Éirinn agus, in go leor cásanna, ar fud na hEorpa, agus tugtar príomhthús áite don tiomáint leanúnach seo leis na hacmhainní iomlána a sholáthar don ról tábhachtach ar gá dúinn tabhairt faoi.

Chuir na hacmhainní agus an cumas méadaithe seo ar chumas an údaráis chun feabhsúcháin shoiléire ar amanna freagartha a sholáthar, i measc ábhair shonraí a thugann gearáin chun solais agus eagraíochtaí a lorgaíonn treoir maidir le tionscadail a chur i bhfeidhm a bhfuil impleachtaí acu le haghaidh cearta um príobháideachas sonraí. In 2015, rinne an Oifig maolú suntasach ar riaráiste leagáide, ónar eascair laghdú foriomlán ar an líon gearáin oscailte. Faoi mar a cheanglaítear i reacht, bhain an Oifig réiteach cairdiúil amach idir an dá pháirt i 94% de na himscrúduithe a thug sí chun críche. Ach d'eisíomar an líon b'airde de chinntí faoi Alt 10 d'Achtanna um Chosaint Sonraí na hÉireann i rith 2015. Ba dhealraitheach gurbh iad na saincheisteanna ba mhó a bhí i gceist i measc an phobail anuraidh CCTV san áit oibre, margaíocht dhíreach a eisíodh trí theachtaireachtaí téacs, teachtaireachtaí ríomhphoist gan toiliú, teip ar bhainc faisnéis teagmhála phearsanta a choimeád cothrom le dáta, neamhfhreagrúlacht i leith iarratais ar rochtain ó ábhair shonraí.

**Comhairliúchán agus Treoir**

Tháinig méadú ar na líonta iarratas ar threoir shonrach ag eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí aníos go dtí 860, ar chomhairliúcháin shubstainteacha iad 120 díobh ónar theastaigh roinnt cruinnithe agus teagmhálacha. Níl comhairliúchán leis an CCS éigeantach ach lorgaíonn go leor eagraíochtaí treoir maidir le seirbhís chomhlíontach agus atá feabhsaithe ó thaobh príobháideachais. Is minic go nglacann na comhairliúcháin siúd go leor ama ach cuireann siad feabhas, ar deireadh thiar, ar an gceart bunúsach i leith príobháideachas sonraí san iomaí cás inar féidir leis an CCS moltaí sonracha roimh ré a dhéanamh. Sampla de seo is ea cás leachtú Ghrúpa Ospidéil Achadh an Toir, áit nárbh fhéidir leis an Oifig comhairle a sholáthar maidir le rialú agus próiseáil sonraí pearsanta leighis a bhí a gcoimeád ag an ospidéal.

Is éard is soiléir trí dhéileáil le go leor eagraíochtaí in Éirinn ná gur beag acmhainní a imlonnaíonn siad féin chun comhlíonadh

De réir mar a mhúnlaíonn an tsochaí an domhan inar mian linn maireachtáil, ní mór don dlí um chosaint sonraí a chosaintí a oiriúnú agus a fheiliúint don mhúnla sin.

um chosaint sonraí a bhainistiú. Is dealraitheach go mbíonn roinnt eagraíochtaí ag streachailt le cineál prionsabalbhunaithe na reachtaíochta um chosaint sonraí agus tugann seo le tuiscint go mbíonn deacrachtaí ann chun na prionsabail a léirthuiscint agus a chur i bhfeidhm i gceart sna cásanna sonracha lena ndéileálann siad. Ón méid atá feicthe agam, is beag fíor-iarracht a dhéantar i roinnt cásanna chun na prionsabail a léirthuiscint agus a chur i bhfeidhm agus chun cur i bhfeidhm ó pheirspictíocht na n-ábhar sonraí a ndéantar difear dóibh a scrúdú. I gcásanna eile, is dealraitheach nach bhfuil eagraíochtaí feasach fiú gurb ionann an méid a bheartaíonn siad agus cur isteach suntasach ar chearta um príobháideachas sonraí duine aonair agus caitheann siad le héifeachtúlacht agus sábháil costais go huathoibríoch amhail dlínsí atá leordhóthanach do ghníomh ar bith. Tá an CCS tiomanta i gcónaí dá ról chun treoir shonrach a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach chun torthaí príobháideachais a fheabhsú. Níl na hacmhainní ag an CCS, áfach, chun an ceanglas a ionadú atá ar eagraíochtaí chun a gcomhairle shaineolach féin a sholáthar agus chun a gcumas féin a thógáil chun comhlíonadh a bhainistiú agus a chur chun cinn. Tá sé ina chabhair, ar an ábhar sin, go gcruthóidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an RGCS) a achtófar amach anseo, cumhacht mhéadaithe forfheidhmithe le haghaidh údaráis um chosaint sonraí, ach, ar an gcéad dul síos agus ar an ní is tábhachtaí, leagfaidh sé an dualgas soiléir go sainráite ar eagraíochtaí arís eile chun iad féin a eagrú i gceart lena chinntiú go bhfuil ceart bunúsach an duine aonair á chosaint go cuí acu i leith príobháideachas sonraí agus gur féidir leo a gcuntasacht ina leith seo a léiriú. Ceist a chuirtear go minic orm ag comhdhálacha is ea cé acu an bhfuil nó nach bhfuil coimhlint bhunúsach ann idir ról an CCS i dtaobh éisteacht le gearáin ó dhaoine aonair a bhaineann le sáruithe féideartha ar a gceart um príobháideachas sonraí agus ról na hOifige chun treoir a sholáthar d'eagraíochtaí. Creidim nach ann don choimhlint sin. Go deimhin, forordaítear an dá ról go sainráite i reachtaíocht an AE a bhuntacaíonn lenár bhfeidhmeanna, agus i bhfírinne, leagfar béim níos mó sa RGCS ar an ról comhairliúcháin sin, agus ról éigeantach a dhéanamh de i gcásanna áirithe. Anuas air sin, cé go gcomhlíonann an Oifig seo agus ár gcontrapháirtithe Eorpacha ról tábhachtach i gcomhairle a chur ar Choimisiún an AE ar cheisteanna cosanta sonraí, ní leagann seo ceanglas orainn i dtaobh scrúdú a dhéanamh ar ghearán a dhéanann duine aonair. Feabhsaíonn treoir spriocdhírithe a sholáthar roimh ré feabhas mór ar thorthaí príobháideachais do dhaoine aonair ach ní bhaineann sé riamh de ról na hOifige chun gearán um chosaint sonraí a imscrúdú ar a fhiúntais.

Is amhlaidh a bhíonn i gceist ach go háirithe nuair a dhéanaimid teagmháil le cuideachtaí ilnáisiúnacha teicneolaíochta atá bunaithe in Éirinn agus nuair a thugtar réamhamharc dóibh ar na hathruithe domhanda seirbhíse atá bheartaíonn na corparáidí seo a chur i bhfeidhm. In go leor cásanna, baineann ríthábhacht leis an teagmháil seo a dhéanamh chun príobháideachas sonraí úsáideoirí a chosaint. Mar shampla, trí chomhairliúchán a dhéanamh idir Facebook agus an CCS, sholáthair Facebook socruithe agus rialúcháin nuashonruithe fógraíochta, anuas ar uirlis Seiceála Príobháideachais agus nuashonruithe ar an uirlis 'Íoslódáil d'fhaisnéis'/'DYI'. D'eascair comhéadan nuashonraithe le haghaidh socruithe úsáideora agus uirlis rochtana a thabhairt isteach ar LinkedIn ónár dteagmháil in 2015. Tá an CCS, faoi mar is amhlaidh an scéal i measc gach údaráis um chosaint sonraí san Eoraip agus ar domhan, beag go leor go fóill, áfach, i gcomparáid le fairsinge an róil mhaoirseachta a sannadh orainn faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoi reachtaíocht an AE. Go bunúsach, is ionann údaráis um chosaint sonraí agus maoirseoirí gach aonáin – idir aonáin phoiblí agus phríobháideacha – agus daoine aonair anois níos minice, chomh maith, nuair a ghníomhaíonn siad mar rialtóirí sonraí. Baineann ríthábhacht, ar an ábhar sin, le beartú tosaíochta. Teastaíonn díospóireacht agus tuiscint níos mó i measc an phobail i dtaobh príobháideachas sonraí. De réir mar a mhúnlaíonn an tsochaí an domhan inar mian linn maireachtáil, ní mór don dlí um chosaint sonraí a chosaintí a oiriúnú agus a fheiliúint don mhúnla sin. Ar go leor bealaí, baineann na ceisteanna níos mó ar gá dul i ngleic leo le cineál an domhain ar mian linn maireachtáil ann, an áit ar chóir na teorainneacha idir an duine agus an meaisín a leagan, agus cumhacht agus freagracht a chothromú idir daoine aonair agus eagraíochtaí. Cuireann an obair faoina dtugann an CCS tríd an Líonra um Fhorfheidhmiú Príobháideachais Dhomhanda, Meitheal Oibre Airteagal 29 agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí um Chosaint Sonraí ar ár gcumas páirt a ghlacadh i bplé saineolach atá dírithe ar na torthaí is fearr a sholáthar d'ábhar sonraí an lae inniu, atá ina ábhar de bhailiú, próiseáil, rianú agus próifíliú gan fasach sonraí pearsanta.

**Ceisteanna, Gearáin agus Forfheidhmiú**

Dhéileáil an Oifig, sa mhullach air sin, le go leor ceisteanna in 2015 faoi shonraí pearsanta san earnáil phoiblí. D'eascair roinnt díobh seo maidir le bunachar sonraí Eircode – ó dhaoine aonair ar áiríodh a n-ainmneacha i dteannta a Eircode agus a bhí ar fáil ar an Aimsitheoir Eircode. Fuarthas líon teoranta ceisteanna, chomh maith, a bhain le litriú agus dáileadh mícheart bailte fearainn a bhain le Eircodeanna. D'oibrigh Capita, an Sealbhóir Ceadúnais um Bainistíocht Postchód, leis an Oifig seo chun meicníocht a fhorbairt, i bhformáid Chód Cleachtais mionsonraithe agus sraith ceisteanna coitianta, chun cabhrú leis na saincheisteanna seo a réiteach. Leagann méid na gceisteanna seo a fuair an CCS i dtaobh an tionscadail seo an bhéim ar mhéid na tástála a theastaíonn sa chás go bhféadtar sonraí pearsanta daoine aonair a phróiseáil.

Tugadh líon beag gearán chun solais leis an Oifig faoi thabhairt isteach Príomhbhunachar Sonraí ar Líne na Roinne Oideachais, agus luadh saincheisteanna maidir leis an mbonn dlíthiúil a bhí i gceist le haghaidh bhailiú agus phróiseáil na sonraí pearsanta a bhí i gceist, cháilíocht na bhfógraí faisnéise a soláthraíodh do thuismitheoirí, úsáid an ÚPSP mar aitheantóir sa bhunachar sonraí, agus nascadh airbheartaithe a dhéanamh idir cistiú a sholáthraítear do scoileanna agus comhlíonadh tuismitheoirí chun sonraí a leanaí a thabhairt. Cé go leantar le himscrúdú leanúnach a dhéanamh ar roinnt ceisteanna, ní féidir ach béim a leagan air,

athuair, gurb iad anailís thréan, sainaithint agus bainistíocht riosca, measúnú tionchair um chosaint sonraí agus cumarsáid éifeachtach is mó a bhuntacaíonn le haon tionscadal rathúil sonraí mórscála rialtais.

Ba ghnóthach an bhliain í i dtaobh gníomhaíocht forfheidhmithe, agus ba chionta margaíochta dírí ba mhó a sonraíodh arís eile in 2015, agus rinne an Oifig roinnt athchiontóirí a ionchúiseamh maidir le teipeanna ar an rogha a rinne daoine gan bheith páirteach i dteachtaireachtaí téacs a chur i bhfeidhm anuas ar theip ar rogha daoine aonair a chur i dtaifead go cruinn gur fearr leo gan bheith páirteach ar a mbunachair shonraí. Bhunaigh an Oifig Aonad um Imscrúduithe Speisialta ar a raibh Coimisinéir Cúnta i gceannas chun tabhairt faoi imscrúduithe ar a stuaim féin, a bhí ag feidhmiú go leithleach ó imscrúduithe gearánbhunaithe.

**Feasacht a Mhúscailt**

Leagadh béim, lena chois sin, ar fheasacht a mhúscailt ar leibhéal náisiúnta ar cheisteanna comhlíonta um chosaint sonraí i mbliana agus, i dteannta mo bhainistíochta sinsearaí, thug mé faoi chlár an-uaillmhianach de rannpháirtíochtaí labhartha i measc go leor earnálacha tionscail, agus labhair mé ag 60 imeacht. B'ábhar díomá dom nárbh fhéidir liom tabhairt faoin bhfeabhsúchán beartaithe ar chur i láthair agus cuimsitheacht na treorach ar láithreán Gréasáin an CCS, ach tugtar tús áite dó seo faoi láthair faoi sheachadadh gníomhach, agus beidh na torthaí le tabhairt faoi deara i lár 2016. Rinne roinnt den fhoireann shaineolach agus mé féin sceideal de rannpháirtíochtaí labhartha a chríochnú lasmuigh d'Éirinn d'fhonn ról, obair agus aschuir na hOifige a chur in iúl níos fearr agus i roinnt cásanna, chun míthuiscintí bunúsacha a ruaigeadh i dtaobh difríochtaí airbheartaithe idir dlí um chosaint sonraí na hÉireann agus córais stáit eile an AE. Go háirithe, bhí glacadh an-mhór le cur i láthair a rinne an Comhairleoir Teicneolaíochta leis an CCS ag imeachtaí ar nós sheisiún teicneolaíochta an Fhóraim um Thodhchaí an Phríobháideachais ag Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí in Amstardam i nDeireadh Fómhair, agus ár láithreacht ag an bhFóram um Eagnaíocht Dhigiteach maidir le heitic agus teicneolaíocht, agus chuir siad ar chumas léargas spéisiúil a fháil ar na bealaí a dhéanann CCS na hÉireann na bealaí a mhúnlú a úsáideann agus a roinneann cuideachtaí móra sonraí.

**Idirnáisiúnta**


Cónascadh ceisteanna náisiúnta agus idirnáisiúnta i nDeireadh Fómhair na bliana seo caite nuair a sholáthair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an CBAE) a rialáil i gcás Maximilian Schrems in aghaidh Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann. Rinneadh an cás a tharchur chuig Ard-Chúirt na hÉireann ina dhiaidh sin, áit ar chomhaontaigh an tÚdarás Éireannach chun an gearán a scrúdú. Tá an obair seo ar bun faoi láthair. Bhain mórthábhacht le rialáil an CBAE ar roinnt bealaí mar gheall gur leag sí tástáil nua bunaithe ar dhlí bunreachtúil na Gearmáine maidir le bunbhrí an chirt bhunúsaigh; d'athluaigh sí a tástáil i dtaobh comhréireachta agus riachtanais ó chás Chearta Digiteacha Éireann (Digital Rights Ireland) i dtaobh na Treorach maidir le Coimeád Sonraí; shoiléirigh sí ról údarás um chosaint sonraí i dtaobh gearáin a scrúdú fiú nuair is ionstraim cheangailteach an AE atá i gceist leis an gceist a ndearnadh gearán fúithi, agus, dar ndóigh, chuir sí an comhaontú Tearmainn féin ar neamhní.

Tá Meitheal Oibre Airteagal 29 ag plé go háirithe le saincheist aistrithe idir an AE agus SAM agus, go deimhin féin, aistrithe sonraí pearsanta ón AE go dtí dlínsí eile domhanda ó rinneadh an rialáil sin i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Lorg an meitheal oibre idirghabháil pholaitiúil chun na réitigh riachtanacha pholaitiúil agus dhlíthiúla a chruthú lena ligeann do shaorsheabhadh sonraí pearsanta leanúint ar aghaidh ar bhealach a chosain cearta bunúsacha daoine aonair Eorpacha. Amhail ón lá inniu, beidh le feiceáil cé acu an mbeidh nó nach mbeidh an Sciath Phríobháideachais bheartaithe le haghaidh aistrithe AE-SAM mar thús den réiteach.

I measc na mórnuachta eile in 2015, baineadh comhaontú polaitiúil amach ar chreat nua dlíthiúil le haghaidh cosaint sonraí san Eoraip i ndiaidh idirbheartaíochta a mhair 4 bliana. Is éard a chuimsíonn sé ná an Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí agus Treoir chun sonraí pearsanta a chosaint a phróiseáiltear i gcomhthéacs forfheidhmithe dlí. Cruthóidh an RGCS cearta nua áirithe d'ábhair shonraí san Eoraip, méadóidh sé na dualgais atá ar eagraíochtaí a láimhseálann sonraí pearsanta, agus leagfaidh sé díriú nua forfheidhmithe ar ról údarás um chosaint sonraí. Is díol tábhachta é, mar gheall gur dlí comhchuibhithe é ag a bhfuil éifeacht dhíreach i ngach ballstát den AE, ceanglófar faoi go gcomhoibríonn agus go n-oibríonn údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí na hEorpa lena chéile ar bhealaí nua d'fhonn a chur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach a chinntiú ar mhaithe le hábhair shonraí agus eagraíochtaí araon. Tá an 25 Bealtaine 2018 ag druidim linn cheana féin agus tá m'fhoireann agus mé féin i mbun ullmhúcháin dár ról fairsingithe.

Anuas air sin, lean rialtas na hÉireann lena thiomantas do chosaint sonraí agus d'fheasacht mhéadaithe phoiblí a mhúscailt ar a thábhacht trí thionscnaimh ar nós Fhóram Sonraí an Rialtais, ar a bhfuil ant Aire Stáit ar a bhfuil sainfhreagracht as cosaint sonraí, an Dara Murphy, T.D., ina chathaoirleach.

Tugadh borradh agus treisiú suntasach na hOifige faoi deara le roinnt blianta beaga anuas, tráth inar tháinig méadú faoi dhó ar ár líon foirne agus inar tháinig méadú nach mór faoi cheathair ar ár mbuiséad, lenar thacaigh gealltanas ón rialtas go leanfaidh an méadú seo atá tagtha ar ár n-acmhainní bheith ar chomhionann lenár gcuid freagrachtaí. Tá cumas níos mó againn ná mar a bhí riamh chun leanúint leis an timpeallacht um chosaint sonraí a mhúnlú agus le comhlíonadh ceart na ndlíthe ábhartha a chinntiú.



HELEN DIXON,
Portarlington and Dublin, 21 June 2016
Cúil an tSúdaire agus Baile Átha Cliath, an 21 Meitheamh 2016

# RÓL AGUS FREAGRACHTAÍ CHOIMISINÉIR COSANTA SONRAÍ NA HÉIREANN

**Bunú, Róil agus Freagrachtaí**
Comhlacht neamhspleách is ea Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (an CCS), a mbronnann na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 a chumhachtaí uirthi, a cheanglaíonn bailiú, stóráil agus próiseáil shlán faisnéis phearsanta daoine aonair. Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (an CCS) i 1988 tar éis gur achtaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988. Tá athrú suntasach tagtha ar an tírdhreach a raibh ar an Oifig dul i ngleic leis ó shin i leith i ndiaidh gur tháinig borradh ar an idirlíon agus mar gheall ar luas easpónantúil nuálaíocht na teicneolaíochta. Mar gheall go bhfuil 9 as 10 gcinn de na cuideachtaí teicneolaíochta agus idirlín is mó ar domhan, anuas ar go leor de na gnóthais chógaisíochta agus seirbhísí airgeadais is mó ar domhan lonnaithe anseo anois in Éirinn, tá fairsingiú mór tagtha ar an réimse saincheisteanna lena ndéileálaimid, faoi mar a tháinig ar ár bhfreagracht i leith úsáideoirí na hÉireann agus an AE. Tá trí phríomhshnáithe ann a bhaineann lenár n-obair; maoirseacht, comhairliúchán agus comhoibriú.

**Maoirseacht**
Éisteann an Oifig seo le gearáin daoine aonair a chreideann gur sáraíodh a gcearta um chosaint so nraí. Faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 10 den Acht, lorgaímid ansin chun na gearáin seo a réiteach go cairdiúil laistigh d'amfhráma réasúnta, agus, sa chás gur dealraitheach nach indéanta dó sin, chun cinntiúchán a dhéanamh. Tugann an Oifig seo, anuas air sin, faoi iniúchtaí agus cigireachtaí rialta ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta sa chás go sainaithnímid rioscaí trí na gearáin a fhaighimid. Leagtar sonraí amach faoi seo ar leathanach XXX. Sa chás gur cuí agus go bhforáiltear dó sa reachtaíocht, bronntar an chumhacht orainn chun gníomhú i gcoinne eagraíochtaí a dhéanann cionta faoi na hAchtanna.

**Comhairliúchán**
Déanaimid monatóireacht ghníomhach ar an tírdhreach um chosaint sonraí atá ag athrú de shíor agus soláthraímid treoir atá cothrom le dáta do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Baineann ríthábhacht le tabhairt faoi idirchaidreamh rialta agus bríoch le heagraíochtaí príobháideacha agus poiblí, a lorgaíonn lena gcomhlíonadh i dtaobh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú sula dtabharfar isteach táirge, seirbhís, beartas nó tionscnamh gnó.

**Comhoibriú**
Rannpháirtithe gníomhacha iad ionadaithe den Oifig i Meitheal Oibre Airteagal 29 – páirtí neamhspleách oibre ina bhfuil na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí san Eoraip (ÚCSanna) – agus díríonn siad ar chearta daoine aonair a chosaint i dtaobh sonraí pearsanta a phróiseáil. Lorgaítear in Airteagal 29 agus a fhoghrúpaí chun cur i bhfeidhm rialacha um chosaint sonraí a chomhchuibhiú ar fud an AE, agus déantar ionadaíocht do gach ballstát an AE ag na fóraim thábhachtacha seo. I gcaitheamh na mblianta amach romhainn, déanfar an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí den pháirtí oibre sa timpeallacht nua chomhchuibhithe a chruthóidh an RGCS. Glacann an Oifig páirt, chomh maith, i gcomhoibriú lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ÚCS tríd an Líonra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais (an LDFP), ár Meabhráin Tuisceana le ÚCSanna agus teagmhálaithe déthaobhacha.

Ceaptar go dtiocfaidh fairsingiú ar ról an CCS agus go dtiocfaidh sé chun cinn faoin LDFP, ar glacadh leis agus a foilsíodh le déanaí in *Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 4 Bealtaine 2016. Gabhfaidh sé in ionad Threoir an AE 95/CE/46. Mar 'príomhúdarás maoirsithe' don chuideachta ilnáisiúnach theicneolaíochta iomadúil atá bunaithe anseo in Éirinn, beidh orainn comhoibriú lenár ÚCSanna comhghleacaithe ar fud an AE (faoin meicníocht 'ionad ilfhreastail'). Anuas air sin soláthrófar cumas fíneála riaracháin dúinn den chéad uair. Teastóidh ullmhú agus acmhainní suntasacha a chur ar fáil ó na ceisteanna seo, anuas ar róil eile nua agus fhairsingithe a dtugtar cuntas orthu sa LDFP.

**Cistiú agus Riarachán**
Déantar cistiú tiomnaithe don CCS a sholáthar trí vóta Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann. Bailíonn an CCS ioncam ó fheidhm chlárúcháin reachtúil na hOifige, agus aisíoctar an t-ioncam sin go díreach leis an státchiste. Mhéadaigh an rialtas go mór an cistiú a thugtar don CCS don bhliain 2016, agus is ionann a bhuiséad bliantúil anois agus €4.7 milliún. B'ionann an cistiú a leithdháileadh in 2015 agus €3.65 milliún.

Cé gur comhlacht neamhspleách an CCS, cinntíonn sé go leanann maoirseacht maidir lena riarachán na ceanglais a leagtar amach do gach eagraíocht earnála poiblí. Ní mór gach speansas, costais agus caiteachas a chur i gcuntas don státchiste, agus tagann cuntais na hOifige faoi chuimsiú shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Soláthraíonn an t-idirghníomhú le saoránaigh, gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara eile maoirseacht bhreise ar an obair faoina dtugaimid. Is féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí reachtúla leis na cúirteanna.

**Seo a leanas liosta de spriocanna reatha an Choimisinéara Cosanta Sonraí:**

1. Leanúint le hacmhainn agus cumas an údaráis um chosaint sonraí in Éirinn a thógáil trí speisialtóirí breise a earcú, go háirithe iad siúd a bhfuil saineolas dlíthiúil, teicniúil agus beartais acu.

2. Chun feabhas a chur ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar amanna freagartha ar ghearánaithe agus eagraíochtaí aonair a lorgaíonn treoir.

3. Comhtháthú a chinntiú i measc oibríochtaí an CCS atá bunaithe i gCúil an tSúdaire agus i mBaile Átha Cliath.

4. Leanúint le comhlíonadh níos fearr a chur chun cinn i measc aonáin earnála poiblí agus príobháidí tríd an réimse de ghníomhaíochtaí maoirsithe CCS.

5. Leanúint le naisc chomhoibritheacha a thógáil le gach páirtí leasmhar, ach go háirithe ár gcontrapháirtithe faoi Airteagal 29 san AE, fad a réitímid sinn féin le haghaidh chur i bhfeidhm an RGCS.

# ATHBHREITHNIÚ ACHOMAIR AR 2015

- Dhéileálamar le 14,427 ceist trínár seoladh tiomnaithe ríomhphoist faisnéise, info@dataprotection.ie, ar méadú é seo aníos ó 13,500 in 2014 agus 12,000 in 2013. Anuas air sin, dhéileálamar le 16,173 ceist a fuarthas ar an nguthán agus 855 ceist sa bhreis air sin sa phost.
- Fuaireamar 932 gearán, ar cuireadh tús leo le haghaidh imscrúdú. Cuirtear seo i gcomparáid le 960 gearán ar cuireadh tús leo le haghaidh imscrúdú in 2014.

Bhain an chatagóir shingil ba mhó de ghearáin le cearta rochtana, arbh ionann iad agus breis agus 60% den iomlán, a léirigh méid na ndeacrachtaí a bhíonn ag daoine aonair áirithe lena gceart reachtúil rochtana a fheidhmiú. Beartaíonn an Oifig chun tabhairt faoi fheachtas feasachta ina leagtar béim ar na saincheisteanna seo i rith 2016.

- Bhain an dara catagóir ba mhó ina ndearnadh gearáin le margaíocht dhíreach leictreonach.
- Cé gur réitíodh tromlach mór na ngearán go cairdiúil, rinneamar cinntí foirmiúla in 52 cás, ar sheasamar go hiomlán leis an ngearán in 43 ceann díobh.
- I ndiaidh chinneadh an CBAE sa chás ‘An Ceart go Ligfí i nDearmad’, fuaireamar 23 gearán, i gcomparáid le 32 in 2014, maidir le díliostú cuardaigh idirlín.
- Rinneamar 4 aonán a ionchúiseamh mar gheall ar 24 cion, ar an iomlán, faoi na Rialacháin um Príobháideachas i gCumarsáid Leictreonach, 2011.
- Cé go ndéanann tromlach mór na n-eagraíochtaí idirchaidreamh linn ar bhonn deonach, d’eisíomar 3 Fhógra Reachtúla Forfheidhmiúcháin.
- Fuaireamar 2,376 fógra um shárú slándáil sonraí, ar méadú 112 fógra é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.
- Thugamar faoi 51 iniúchadh agus cigireacht, ina measc iad siúd ar shealbhóirí móra sonraí pearsanta sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.
- I measc na n-iniúchtaí suntasacha, bhí iad siúd a rinneadh ar an Earnáil Árachais agus an Rannóg Saincheadúnais, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Rinneamar teagmháil le cuideachtaí móra ilnáisiúnacha teicneolaíochta – a bhfuil ceanncheathrú nó láithreacht shuntasach in Éirinn acu – i dtaobh ceisteanna iomadúla, ina measc beartais, táirgí agus seirbhísí nua beartaithe.
- D’fhreastail an Coimisinéir nó an Leas-Choimisinéir ar gach réamhchruinniú de chuid Pháirtí Oibre Airteagal 29, a ghníomhaíonn mar chomhairleoir don Aontas Eorpach maidir le saincheisteanna um chosaint sonraí.
- Ghlacamar páirt sa tríú Rianú Príobháideachais de chuid an Líonra Dhomhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachais, agus rinneadh anailís ar 18 n-aip agus láithreán gréasáin a bhí dírithe ar leanaí nó a raibh an-tóir orthu ina measc.
- B’ionann ár gcostais reatha in 2015 agus €2,961,190, ar méadú seo aníos ó chostais reatha €2,274,438 na bliana roimhe seo. B’ionann fáltais don bhliain 2015 agus €670,307 ar an iomlán.
- Ón 14 Aibreán 2015, bhí an CCS faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 go páirteach. Ní bhaineann seo ach le taifid a bhaineann le ceisteanna riaracháin amháin, agus go sonrach iad siúd a cruthaíodh i ndiaidh an 21 Aibreán, 2008. Ní féidir scaoileadh le comhaid fiosraithe agus cháis an CCS faoin Acht.
- Dhéileálamar le breis agus 500 ceist ó na meáin.
- Thugamar faoi earcaíocht shuntasach, d’fhairsingíomar bunáit Oifig Bhaile Átha Cliath chun cur le feidhm Chúil an tSúdaire agus rinneamar ár bhfoireann a mhéadú faoi dhó nach mór.
- Tugadh faoi chomhairliúchán fairsing i measc comhlachtaí earnála poiblí agus príobháidí, páirt a ghlacadh i mbreis agus 60 imeacht ina ndearnamar cur i láthair ar obair na hOifige ina measc.
- Agus leas á bhaint as a hacmhainní méadaithe, bhunaigh an Oifig Aonad Imscrúduithe Speisialta ar a raibh Coimisinéir Cúnta in 2015. Tugann an tAonad faoi imscrúduithe ar a stuaim féin (a dhéantar ar leith ó imscrúduithe gearánbhunaithe); sa chás go sainaithníonn sí iompar ciontaithe, úsáidfidh sí réimse iomlán chumhachtaí reachtúla an Choimisinéara chun a cuid imscrúduithe a chur chun cinn chun conclúid chuí a bhaint amach.
- Éisteadh leis an éisteacht ag an CBAE i dtaobh ghearán Maximilian Schrems i gcoinne CCS na hÉireann i Lucsamburg i Márta 2015. An 6 Deireadh Fómhair, d’eisigh an CBAE a rialáil thábhachtach agus fadréimseach sa chás, lenar áiríodh Tearmann a chur ar neamhní.

  Rinne Ard-Chúirt na hÉireann an cheist a tharchur chuig an CCS, a thug faoi ‘... substaint an ghearáin, anuas ar an dícheall cuí go léir’ a imscrúdú. Chuir an CCS tús lena imscrúdú ar na gearáin athcheaptha a sheol an tUasal Schrems ar aghaidh. Tá an t-imscrúdú sin ar bun go fóill.
- Rinneadh comhaontú ar an RGCS i Nollaig 2015, agus bhí feidhm leis ón 25 Bealtaine 2018. Cuirfidh sé i bhfeidhm dualgais tuairiscithe sáraithe, an fhéidearthacht i leith pionóis shuntasacha i gcás teipeanna

ar chomhlíonadh, béim níos mó ar phróiseáil toilbhunaithe, ceanglais níos mionsonraithe coimeádta taifead anuas ar dhualgais fhoirmiúla chun beartas coinneála sonraí a bheith i bhfeidhm. Rud lena mbaineann mórthábhacht don CCS is ea an mheicníocht 'ionad ilfhreastail' a thabhairt isteach sa RGCS le haghaidh ilnáisiúnach a oibríonn san Eoraip. Agus aird ar scála agus fairsinge an toghcheantair seo, tá ról fíor-thábhachtach ag an Oifig i dtaobh cosaint sonraí domhanda.

# EAGMHÁLAITHE, CEISTEANNA AGUS GEARÁIN

Déantar teagmhálacha iomadúla leis an CCS agus déantar ceisteanna a fhiosrú agus gearán leis ar bhonn laethúil. Oibrímid seoladh ríomhphoist faisnéise (fuarthas 14,427 ceist in 2015), foirm ghearáin ar líne (fuarthas 1,050 ceist in 2015), deasc chabhrach (cuireadh 16,173 glao uirthi in 2015), agus seoltar ceisteanna chugainn sa phost chomh maith (fuarthas 855 ceist in 2015).

Déanann an Oifig gach iarracht chun gach ceist, teagmháil agus gearán a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche a éifeachtaí agus a éifeachtúla agus is féidir chun sásaimh an té a rinne.

Croífheidhm agus feidhm ghnóthach de chuid na hOifige is ea ár bhFoireann Ghearán. In 2015, fuair an fhoireann 932 gearán a osclaíodh le haghaidh imscrúdú, ar laghdú beag seo ar na 960 gearán a fuarthas in 2014.

Arís eile, bhain an chatagóir shingil ba mhó le hiarratais ar rochtain, arbh ionann iad agus 62% den iomlán foriomlán don bhliain 2015, agus fuarthas 578 gearán, a sháraigh an líon ba mhó gearán a fuarthas riamh roimhe sin an bhliain roimhe sin (532 gearán).

Tugann an t-ardleibhéal leanúnach gearán le fios go bhfuil feasacht mhéadaithe ann i measc an phobail i gcoitinne ar a gceart reachtúil rochtana; b'fhéidir gurb ionann agus ábhar buartha níos mó é, áfach, ach leagann sé béim ar na deacrachtaí a mbíonn roinnt daoine aonair thíos leo agus iarracht á déanamh acu chun na cearta siúd a fheidhmiú. Beartaíonn an Oifig chun tabhairt faoi fheachtas feasachta ina leagtar béim ar na saincheisteanna seo i rith 2016.

Bhain an dara catagóir ba mhó ina ndearnadh gearáin le margaíocht dhíreach leictreonach. Imscrúdaítear na gearáin seo faoi na Rialacháin um Príobháideachas i gCumarsáid Leictreonach (I.R. 336 de 2011). In 2015, d'oscail an Oifig 104 gearán den saghas sin lena n-imscrúdú, arbh ionann sin agus 11% den iomlán foriomlán. Is ionann seo agus laghdú géar ar 72 gearán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ar treocht í seo a thosaigh in 2014 nuair a tháinig laghdú anuas ar na gearáin sa chatagóir seo faoi bhun 200 i mbliain féilire den chéad uair riamh. Tugann seo le fios an rath a bhí ar straitéis ionchúisimh rathúil na hOifige, a chruthaíonn drochphoiblíocht i gcoinne na n-aonán a ionchúisítear.

**An Ceart go Ligfí i nDearmad**

Tháinig an 'Ceart go Ligfí i nDearmad' (CGLD), mar a dtugtar air, nó an chatagóir ghearán díliostaithe ó thorthaí cuardaigh idirlín chun cinn in 2014 i ndiaidh rialáil an CBAE an 13 Bealtaine 2014 i gcás Google na Spáinne vs AEPD agus Mario Costeja (C-131/12) (ar a dtugtar rialáil 'Google' na Spáinne go minic).

Ó rinneadh an rialáil, féadfaidh úsáideoirí idirlín ar fud na hEorpa, faoi chúinsí áirithe, iarraidh ar innill chuardaigh chun faisnéis a dhíliostú fúthu. Sa chás go ndiúltaíonn an t-inneall cuardaigh iarratas, féadfaidh ábhair shonraí an cheist a thabhairt os comhair an údaráis náisiúnta um chosaint sonraí. Is tábhachtach a thabhairt le fios go mbaineann cás an CGLD le díliostú go sonrach i gcás cuardach faoi ainm an duine aonair.

I Samhain 2014, d'eisigh Meitheal Oibre Airteagal 29 treoirlínte ina leagtar amach réimse critéar chun cabhrú le measúnú comhsheasmhach a dhéanamh ar chásanna – ar nós cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine aonair ról sa bheatha phoiblí; cé acu an mionaoiseach nó a mhalairt an duine aonair; cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis cruinn i dtaobh fíricí de; cé acu an mbaineann nó nach mbaineann sé le beatha phríobháideach nó ghairmiúil an duine aonair; cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé cothrom le dáta; cé acu an mbaineann nó nach mbaineann sé le sonraí pearsanta (ar nós sonraí faoi shláinte nó reiligiún) nó cé acu ar chuir nó nár chuir an duine aonair an fhaisnéis ar fáil go poiblí ar bhonn deonach ar an gcéad ásc.

Fuair an Oifig seo 23 gearán den saghas sin in 2015 ar seasadh le 7 gcinn díobh agus ar diúltaíodh 16 cinn díobh.

Bhí gearán amháin a diúltaíodh dírithe ar bhinse a bhí ar siúl ar feadh i bhfad, áit a raibh an Oifig ar aon intinn le seasamh Google gan URLanna áirithe a dhíliostú a thángthas orthu i ndiaidh cuardach a dhéanamh agus ainm duine aonair á úsáid. Nuair a chuirtear san áireamh go thug an duine aonair a bhí i gceist fianaise thábhachtach ag an mbinse tábhachtach seo, measadh go ndeachaigh sé chun leas dlisteanach an phobail rochtain a choimeád ar an bhfaisnéis seo nuair a dhéanfaí cuardach ar ainm an duine aonair sin. Dá ndéanfaí cuardach ar eochairfhocail eile sa bhunábhar, chruthófaí toradh san inneall cuardaigh fós féin.

I measc na ngearán ar seasadh leo, bhain ceann amháin le hagallamh a rinne duine le nuachtán áitiúil 7 mbliana roimh sin maidir le poill sa bhóthar ar na bóithre áitiúla, agus dá ndéanfaí cuardach ar ainm an duine aonair, thiocfadh an t-agallamh seo aníos ar an gcéad toradh liostaithe. I ndiaidh gur críochnaíodh deisiúcháin ar na poill sa bhóthar, réitíodh an tsaincheist ach níor shásta don duine aonair gur tháinig an scéal seo aníos go fóill sna torthaí go fóill nuair a chuardófaí a n-ainm. Trí argóint a dhéanamh le Google thar ceann an ghearánaí, d'éirigh linn an cás a chur chun cinn go raibh an scéal as dáta agus, ar an ábhar sin, nár bhain sé le hábhar a thuilleadh.

### Conclúid na nGearán

Tá sé mar dhualgas reachtúil ar an Oifig seo a lorg chun gearáin a réiteach go cairdiúil sa chéad ásc agus, dá réir sin, réitíodh tromlach mór na ngearán a tugadh chun críche in 2015 go cairdiúil trí iarrachtaí na hOifige gan an gá bheith ann le cinneadh foirmiúil a dhéanamh faoi Alt 10 den Acht. In 2015, rinne an Coimisinéir 52 cinneadh foirmiúil ar an iomlán: Sheas 43 ceann díobh seo leis an ngearán; sheas 1 cheann leis an ngearán go páirteach agus dhiúltaigh 8 gcinn ábhar an ghearáin. Tugadh 1,015 imscrúdú ar ghearáin, ar an iomlán, chun críche in 2015.

**Tábla 1**
**Miondealú ar ghearáin ar cuireadh tús leo, 2015**
**(Féach an bharrachairt chomhfhreagrach thíos)**


| | Céatadáin | Iomláin |
|---|---|---|
| Cearta rochtana | 62% | 578 |
| Margaíocht dhíreach leictreonach | 11% | 104 |
| Nochtadh | 10% | 94 |
| Próiseáil éagórach sonraí | 5% | 49 |
| Díliostú ó thoradh cuardaigh idirlín | 2% | 23 |
| Píosa scannáin CCTV a úsáid | 2% | 16 |
| Teip ar shonraí a dhaingniú | 2% | 16 |
| Sonraí iomarcacha | 2% | 15 |
| An ceart i leith ceartú | 1% | 13 |
| Cruinneas | 1% | 10 |
| Margaíocht dhíreach poist | 1% | 7 |
| Próiseáil éagórach sonraí | 1% | 5 |
| Bithmhéadracht a úsáid | <1% | 2 |
| **IOMLÁIN** | **100%** | **932** |

**Tábla 2**
**Gearáin a fuarthas ó 2006 i leith**

| Bliain | Gearáin a Fuarthas |
|---|---|
| 2006 | 658 |
| 2007 | 1,037 |
| 2008 | 1,031 |
| 2009 | 914 |
| 2010 | 783 |
| 2011 | 1,161 |
| 2012 | 1,349 |
| 2013 | 910 |
| 2014 | 960 |
| 2015 | 932 |

**Tábla 3**
**2015**

| | |
|---|---|
| Gearáin ar cuireadh tús leo sa bhliain | 932 |
| Iomlán na nGearán a Tugadh chun Críche sa bhliain | 1,015 |
| Iomlán na nGearán ag deireadh na bliana | 466 |




### Ionchúisimh

Rinne an Oifig ceithre aonán a ionchúiseamh in 2015 mar gheall ar 24 cion, ar an iomlán, faoi na Rialacháin um Príobháideachas i gCumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011). Sonraítear sonraí breise i mír na gCás-Staidéar ar na hionchúisimh a glacadh in 2015.

## FÓGRAÍ REACHTÚLA FORFHEIDHMITHE

Faoi Alt 10 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, féadfaidh an CCS iarraidh ar rialaitheoir sonraí nó ar phróiseálaí sonraí cibé bearta a ghlacadh a mheastar is cuí chun téarmaí na nAchtanna a chomhlíonadh.

Leagtar amach sa tábla a leanas mionsonraí maidir leis na Fógraí Reachtúla Forfheidhmithe a seirbheáladh in 2015. Tá súil leis go spreagfaidh foilsiú na liostaí seo na heagraíochtaí go léir chun comhoibriú go hiomlán leis an Oifig seo maidir lena himscrúduithe reachtúla.

Bíodh is gur féidir linn Fógra Forfheidhmiúcháin a eisiúint maidir le roinnt gnéithe de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ní gá é sin a dhéanamh de ghnáth. Comhoibríonn formhór mór na n-eagraíochtaí go deonach leis an Oifig agus ní bhíonn aon ghá le fógra foirmiúil dlíthiúil chun imscrúdú a chur chun cinn.

**Fógraí forfheidhmithe a eisíodh in 2015**

| Rialaitheoir Sonraí: | Maidir le: |
|---|---|
| Telefonica Ireland Limited | Alt 2(1)(c)(iv) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí |
| Arizun Services Ireland Limited | Alt 2(1)(a) agus 2A(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí |
| Aer Lingus | Alt 4(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí |

## FÓGRAÍ FAISNÉISE

Faoi Alt 12 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, féadfaidh an CCS iarraidh ar dhuine pé faisnéis a sholáthar a theastaíonn ón CCS chun tabhairt faoina fheidhmeanna, ar nós tabhairt faoi imscrúdú. In 2015, dréachtaíodh roinnt fógraí faisnéise mar ullmhúchán lena seirbheáil ar rialaitheoirí éagsúla sonraí ach níorbh ghá aon cheann de na fógraí seo a eisiúint ar deireadh thiar, mar gheall gur fhreagair na rialaitheoirí sonraí a bhí i gceist go dearfach i ngach cás nuair a cuireadh ar an eolas iad go raibh an Oifig seo ar tí tabhairt faoi ghníomh.  Tá seo ar aon dul leis an méid a thugtar faoi deara i gcás cumhachtaí eile forfheidhmithe. Go minic, má chuirimid in iúl gur féidir leis an CCS na cumhachtaí

siúd a úsáid, is leor sin go ndéanfaidh an rialaitheoir sonraí idirchaidreamh deonach, seachas dul i mbaol na díobhála a dhéanfaí dá chlú dá n-ainmneofaí é/í inár dTuarascáil Bhliantúil nó smachtbhannaí coiriúla a thabhú i ngeall ar theip ar chomhlíonadh.

## FÓGRAÍ UM SHÁRÚ AR SHONRAÍ

I rith 2015, fuair an CCS 2,376 fógra um shárú sonraí ar an iomlán, ar rangaíodh 59 díobh (2.5%) mar neamhsháruithe faoi fhorálacha Chód Cleachtais um Shárú Slándála Sonraí Pearsanta (CCSSSP).

Cuireadh 2,317 sárú bailí ar shlándáil sonraí, ar an iomlán, i dtaifead i rith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015. Is ionann seo agus méadú 5.9% (129) ar an líon a tuairiscíodh in 2014 (2,188).

Tá dualgas dlíthiúil ar sholáthraithe seirbhíse teileachumarsáide agus seirbhíse idirlín faoi Ionstraim Reachtúil 336 de 2011 chun fógra a thabhairt don Oifig seo ar shárú ar shlándáil sonraí tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig i ndiaidh go n-aimsítear an sárú i dtosach báire. Murar féidir leis an soláthraí sonraí iomlána den sárú a thabhairt ag an am seo, ba cheart níos mó sonraí a thabhairt laistigh de thrí lá tar éis an fógra tosaigh. D'fhéadfadh aon chuideachta theileachumarsáide a dteipeann uirthi fógra a thabhairt dúinn ar an sárú ar shlándáil sonraí a bheith faoi dhliteanas, ar chiontú achomair, fíneáil aicme A a íoc, nó ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 a íoc.

In 2015, fuarthas 104 fógra um shárú ar shonraí, ar an iomlán, ón earnáil teileachumarsáide, arbh ionann sin agus 4.3% de na cásanna iomlána a tuairiscíodh don bhliain. I measc na samplaí de na sáruithe siúd ionadaithe SIM faoinar tugadh go mícheart, rochtain tugtha do chustaiméirí ar chuntas custaiméara eile agus, i líon beag cásanna, rinneadh cáipéisí cruthúnais aitheantais chustaiméirí a chailleadh.

Déantar gach sárú ar shlándáil sonraí eile a thuairisciú faoi CCSSSP deonach, a tugadh isteach in Iúil 2011. Níl an CCSSSP ina cheanglas dlíthiúil agus ní bhaineann sé leis an earnáil teileachumarsáide.

Faoi mar a bhí i gceist in 2014, ba nochtadh neamhúdaraithe an chatagóir b'airde de sháruithe ar shonraí faoin CCSSSP a tuairiscíodh, ar nós nochtadh poist agus leictreonach, ar thit an tromlach mór díobh amach san earnáil airgeadais agus arbh ionann iad agus beagán os cionn 54% de líon iomlán na bhfógraí um shárú ar shonraí a fuarthas in 2015.

I measc na samplaí tipiciúla de sháruithe ar shonraí, tá an méid seo a leanas:

- láimhseáil nó nochtadh míchuí sonraí pearsanta, e.g. diúscairt mhíchuí, rochtain ag tríú páirtí ar shonraí pearsanta – cé acu de láimh nó ar líne – agus rochtain neamhúdaraithe ag fostaí;
- caillteanas sonraí pearsanta a bhí á gcoimeád ar ríomhairí glúine, méaróga USB, comhaid pháipéir agus téipeanna cúltaca.

Cé nach ionann é ach céatadán beag de na 2,317 fógra bailí um shárú ar shonraí in 2015 (3 nó 0.12%), féadfaidh teagmhais haiceála tacar sonraí agus camchóipeáil láithreán Gréasáin tionchar fadréimseach a imirt ar dhaoine aonair. I gcás amháin, rinneadh comhghéilleadh ar shonraí cárta creidmheasa siopa bláthanna i mBaile Átha Cliath. Rinneadh seo mar gheall gur suiteáladh cóid mhailíseacha ar láithreán Gréasáin an ghnólachta, a sheol sonraí cárta creidmheasa custaiméara chuig tríú páirtí. A luaithe a cuireadh an siopa ar an eolas ar an tsaincheist, rinne siad socruithe láithreach bonn chun an córas íocaíochta cárta creidmheasa a bhaint den líne lena éascú bearta feabhsaithe slándála a chur i bhfeidhm agus thug siad fógra do gach custaiméir a rinne ceannach ar líne i gcaitheamh na 60 lá roimhe sin.

Go minic, cuirtear rialaitheoirí sonraí ar an eolas ar shárú ar shonraí nuair a dhéanann faighteoir trí páirtí nach ndearnadh difear dóibh teagmháil leo. A luaithe a bhítear ar an eolas ar an sárú ar shonraí, i gcomhréir le forálacha an CCSSSP, Iorgaíonn an rialaitheoir sonraí go seoltar na cáipéisí ar ais nó lorgaíonn sé/sí deimhniú ón bhfaighteoir tríú páirtí gur milleadh na cáipéisí. Ansin, déanann an rialaitheoir sonraí teagmháil leis an duine a ndearnadh difear dó/di, a chuireann ar an eolas iad i dtaobh chineál na sonraí ar a ndearnadh comhghéilleadh. Ceadaíonn seo don duine aonair pé bearta a ghlacadh a chreideann siad is cuí chun iad féin a chosaint. I gcás go nochtar faisnéis airgeadais, féadfaidh an rialaitheoir sonraí bearta slándála a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht ar chuntas an duine aonair a ndearnadh difear dó/di lena chinntiú nach féidir aon idirbhearta calaoiseacha a dhéanamh.

Déanann daoine aonair teagmháil go minic leis an Oifig seo a fuair fógra ó institiúid airgeadais gur nochtadh a sonraí pearsanta. Ábhar coitianta buartha a léirítear sna cásanna siúd ná nach fios dóibh siúd – na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh – cé a fuair a bhfaisnéis phearsanta airgeadais. Ní féidir le rialaitheoirí sonraí, áfach, ainm agus seoladh an fhaighteora tríú páirtí a scaoileadh. Dá ndéanfaí sin, dhéanfaí sárú breise ar na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Ní féidir leis an rialaitheoir sonraí ach a chur in iúl cé acu ar éirigh leo nó nár éirigh leo seoladh ar ais na gcáipéisí a bhaint amach nó go bhfuil nó nach bhfuil deimhniú faighte acu gur milleadh na cáipéisí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás thromlach na sáruithe ar shonraí pearsanta a chuirtear in iúl don Oifig seo, nach ndéantar difear ach do dhuine nó beirt daoine aonair i ngach cás.

**Athruithe a Dhéanfar faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS)**

Níl dualgas dlíthiúil ach ar sholáthraithe seirbhíse teileachumarsáide agus seirbhíse idirlín faoi Ionstraim Reachtúil 336 de 2011 chun fógra a thabhairt don Oifig seo ar shárú ar shlándáil sonraí. Leagfaidh Airteagail 33 agus 34 den RGCS, áfach, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2018, dualgas dlíthiúil ar gach rialaitheoir sonraí chun

fógra a thabhairt don Oifig seo ar aon sárú ar shlándáil sonraí pearsanta a tharlaíonn.

Luaitear in Airteagal 33(1) den RGCS 'cuirfidh an rialaitheoir, gan mhoill mhíchuí agus, sa chás gurb indéanta, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig i ndiaidh go gcuirtear ar an eolas é/í air, an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don údarás maoirseachta [...] mura dóchúil go n-eascróidh riosca i leith cearta agus saoirse dhaoine nádúrtha as an sárú ar shonraí pearsanta'. Luaitear, anuas air sin, sa chás nach ndéantar an fógra laistigh de 72 uair an chloig, ní mór don rialaitheoir sonraí cúiseanna a sholáthar atá leis an moill ar thuairisciú.

Ní mór go n-áireofar le gach fógra um shárú ar shonraí pearsanta den saghas sin an fhaisnéis a leanas:

- cur síos ar chineál an tsáraithe ar shonraí pearsanta, lena n-áirítear, sa chás gur féidir, líon agus catagóir na n-ábhar sonraí a ndearnadh difear dóibh agus na taifid atá i gceist;
- sonraí teagmhála na hoifigeach um chosaint sonraí nó an phointe teagmhála eile;
- iarmhairtí dóchúla an tsáraithe;
- bearta a glacadh nó a bheartaítear glacadh chun dul i ngleic leis an sárú agus, sa chás gur cuí, na bearta chun drochthionchar féideartha an tsáraithe a mhaolú.

Ceadaítear in Airteagal 33 den RGCS don rialaitheoir sonraí an fhaisnéis a liostaítear thuas a sholáthar don Oifig seo i gcéimeanna. Leagann sé dualgas ar an rialaitheoir sonraí, áfach, chun na fíricí a dhoiciméadú, áfach, a bhaineann leis na fíricí a bhaineann le, agus an tionchar a imríonn sárú ar shonraí pearsanta agus na bearta réitigh a glacadh. Cuirfidh seo ar chumas na hOifige chun seo comhlíonadh Airteagal 33 a fhíordheimhniú leis an rialaitheoir sonraí ábhartha.

I dtaobh sárú ar shonraí pearsanta a fhógairt do dhaoine aonair a ndearnadh difear dóibh, luaitear in Airteagal 3491) den RGCS 'sa chás gur dóchúil go n-eascróidh ardriosca as an sárú ar shonraí pearsanta i leith cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, cuirfidh an rialaitheoir an t-ábhar sonraí ar an eolas ar an sárú ar shonraí pearsanta gan moill mhíchuí'.

Soláthraítear sa táblaí thíos miondealú ar na fógraí um shárú ar shonraí a fuarthas in 2015.

**Tábla 1**
**Líon na bhFógraí um Shárú a Fuarthas in 2015**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na bhfógraí um shárú a fuarthas | 2,376 |
| An líon ar measadh nár sháruithe iad | 59 |
| Líon na bhfógraí bailí ar shárú | 2,317 |

**Tábla 2**
**Fógraí um Shárú de réir Chatagóir agus Shaghas an Rialaitheora Sonraí, 2015**

| Catagóir | An Earnáil Phoiblí | An Earnáil Phríobháideach |
|---|---|---|
| Goid Trealamh TF | 8 | 18 |
| Slándáil láithreán Gréasáin | 8 | 61 |
| Nochtadh neamhúdaraithe – post | 71 | 628 |
| Nochtadh neamhúdaraithe – leictreonach | 169 | 270 |
| Nochtadh neamhúdaraithe – eile | 90 | 946 |
| Saincheisteanna a bhaineann le slándáil | 12 | 36 |
| Neamhshárú | 40 | 19 |
| Iomlán | 398 | 1,978 |


**Tábla 3**
**Comparáid idir Fógraí um Shárú, 2011-2015**

| Bliain | Líon na bhfógraí bailí um shárú |
|---|---|
| 2011 | 1,167 |
| 2012 | 1,592 |
| 2013 | 1,507 |
| 2014 | 2,188 |
| 2015 | 2,317 |

**Tábla 4**
**Comparáid idir eagraíochtaí a rinne fógraí um shárú, 2011-2015**

| Bliain | An earnáil phríobháideach | An earnáil phoiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 2011 | 146 | 40 | 186 |
| 2012 | 220 | 84 | 304 |
| 2013 | 246 | 61 | 307 |
| 2014 | 254 | 60 | 314 |
| 2015 | 238 | 49 | 287 |

**Sáruithe de réir Catagóire**




1. http://www.garda.ie/Documents/User/Garda%20Vetting%20Procedures%20-Aministration%20Filter%20revised.pdf

## IARRATAS AR ROCHTAIN AR ÁBHAR A FORFHEIDHMÍODH

Déantar 'Iarratas ar Rochtain ar Ábhar a Forfheidhmíodh' nuair a leagann fostóir féideartha nó eagraíocht dualgas ar dhuine éigin iarratas rochtana a dhéanamh faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí le rialaitheoir sonraí. Bronntar in Alt 4 an ceart ar dhaoine aonair chun cóip d'aon fhaisnéis a fháil a bhaineann leo atá á coimeád ag aon aonán nó eagraíocht; in Iarratas ar Rochtain ar Ábhar a Forfheidhmíodh, iarrann an fostóir nó an eagraíocht ar an duine aonair chun an fhaisnéis seo a sholáthar dóibh ansin. Go tipiciúil, is éard a bhíonn i gceist le hiarratas a forfheidhmíodh ná go n-iarrann fostóir/fostóir ionchasach/gníomhaireacht earcaíochta ar dhuine chun iarratas a dhéanamh fúthu féin ó eagraíochtaí ar nós an Gharda Síochána nó biúró creidmheasa.

Cuireadh tús le hAlt 4(13) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí in 2014 agus, mar thoradh air sin, beidh cion coiriúil déanta ag rialaitheoirí sonraí/próiseálaithe sonraí má iarrann siad ar dhaoine aonair chun iarratas ar rochtain a dhéanamh faoi na cúinsí siúd.

Tá an nós imeachta seo go hiomlán difriúil ó ghrinnfhiosrúchán dlisteanach a dhéanamh ar dhaoine aonair do róil ar leith, ar nós cúram leanaí, nó iad siúd atá ag oibriú sa tionscal slándála príobháidí. Is é an t-ábhar buartha go bhfuil eagraíochtaí nach gcáileofaí go dlisteanach iad chun tabhairt faoi sheiceáil ghrinnfhiosrúcháin ag dul i muinín Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ina ionad sin, go dtabharfaidís faoi 'ghrinnfhiosrúchán tríd an gcúldoras'. Is ábhar buartha é go bhféadfadh an iarraidh seo i bhfad níos mó sonraí íogaire ná seiceáil dhlisteanach ghrinnfhiosrúcháin. D'fhéadfadh gach rud atá á choimeád ar thaifid an Gharda Síochána faoi dhuine a nochtadh (faoi réir roinnt díolúintí) eascairt as iarratas ar rochtain faoi Alt 4, go príomha mar gheall go mbeartaítear go gcuirfear na sonraí a nochtar ar fáil ar mhaithe leis an duine sin amháin a dhéantar an iarraidh. I gcodarsnacht leis sin, bhí seiceáil ghrinnfhiosrúcháin de shíor faoi réir srianta áirithe ar an méid a nochtfaí.

Agus aird ar an líon ard comhsheasmhach d'iarratais ar rochtain faoi Alt 4 atá á bpróiseáil ag Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (AGGS) i nDurlas (arb ionann iad agus 13,000, ar an meán, gach bliain), chuir an Oifig tús le himscrúdú in 2015 ar chomhlíonadh Alt 4(3) de na hAchtanna ó pheirspictíocht seiceála taifead coiriúil. Roghnaíodh daichead eagraíocht i measc réimse earnálacha i dtosach báire go ndéanfar scrúdú níos dlúithe orthu i bhfoirm iniúchadh deisce. Eisíodh ceistneoir scríofa a lorg chun cuideachtaí a shainaithint a bhí ag tabhairt faoin gcleachtas ina n-iarrtar ar dhaoine aonair chun iarratais ar rochtain ar ábhar leis an nGarda Síochána. Bunaithe ar na freagairtí, roghnaíodh roinnt cuideachtaí chun tabhairt faoi chigireacht leantach orthu.

Cé go bhfuilimid sásta nár lorg aon aonán a imscrúdaíodh chun forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí a shárú d'aon turas maidir le SARanna forfheidhmithe, dheimhnigh an t-imscrúdú, dá ainneoin, gur sháraigh gníomhartha roinnt eagraíochtaí i measc an limistéir earcaíochta, institiúidí airgeadais agus mhiondíola Alt 4(3) de na hAchtanna. Ordaíodh na heagraíochtaí seo láithreach bonn chun stop a chur leis an gcleachtas. Tá gach ceann de na heagraíochtaí ar deimhníodh go ndearna siad sárú tar éis scríobh chuig an Oifig seo lena rá go bhfuil stop curtha anois acu leis an gcleachtas. Leanfaimid ar aghaidh chun aon chleachtais lena mbaineann iarratais ar rochtain ar ábhair a forfheidhmíodh a chomhrac agus chun faireachas a dhéanamh ar eagraíochtaí i measc réimse fairsing earnálacha i gcaitheamh 2016.

## INIÚCHTAÍ PRÍOBHÁIDE-ACHAIS

I gcaitheamh 2015, thug ár bhfoireann iniúchóireachta faoi 51 iniúchadh agus cigireacht. B'ionann beagán faoi bhun leath díobh seo agus rudaí ar a dtugtar cigireachtaí neamhsceidealaithe faoinar tugadh faoi Alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, a chiallaíonn gur eascair siad ó imscrúduithe nó ó ghearáin agus gur eascair siad anuas ar an gclár nó an sceideal beartaithe iniúchtaí a leagadh amach ag tús na bliana. I dtaobh réamhfhógra na n-imscrúduithe nó na gcigireachtaí seo, d'fhéadfaí fógra ar bith a thabhairt – rinneadh dhá imscrúdú/chigireacht den saghas seo in 2015 – a fógra cúpla seachtain a thabhairt. Is é aidhm ár n-iniúchtaí agus ár gcigireachtaí uile chun seiceáil a dhéanamh le haghaidh comhlíonta leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus chun cabhrú leis an rialaitheoir sonraí lena chinntiú go bhfuil a gcórais um chosaint sonraí a éifeachtaí agus a chuimsithí agus is féidir. Uaireanta bíonn iniúchtaí forlíontach ar imscrúduithe a dhéanann an Oifig mar gheall ar ghearáin faoi leith. Sainaithnímid tosaíochtaí agus spriocanna le haghaidh iniúchta trí bhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós mhéid agus shaghas na sonraí pearsanta a phróiseálann an eagraíocht atá i gceist, anuas ar líon agus chineál na dteagmhálacha, na gceisteanna agus na ngearán a fhaighimid.

Tá ár gclár bliantúil iniúchta saindeartha chun díriú ar roinnt earnálacha a roghnaítear go cúramach. In 2015, dhíríomar ar chleachtais earcaíochta mar chuid d'imscrúdú níos fairsinge ar iarratais ar rochtain ar ábhair a forfheidhmíodh. Rud eile a roghnaíodh chun scrúdú níos dlúithe a dhéanamh air a bhí in úsáid a bhaint as CCTV i réimse ionaid siopadóireachta agus asraonta miondíola sa mhullach ar athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na beartais agus na nósanna um chosaint sonraí i dtrí chuideachta fóntais. I dtaobh na hearnála poiblí, agus olltoghchán 2016 ar tí titim amach, tugadh faoi iniúchadh ar Rannóg Saincheadúnais Chomhairle

Cathrach Bhaile Átha Cliath. Anuas air sin, rinneadh iniúchadh ar an Aonad Ceadúnaithe Oibreoirí Iompair de Bhóthar (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt) ag tús 2015.

Anuas air sin, tugadh faoi iniúchadh deascbhunaithe ar 18 n-aip shoghluaiste mar chuid de Rianú Domhanda Príobháideachais Idirlín a dhírigh ar láithreáin ghréasáin agus ar aipeanna a bhí spriocdhírithe ar leanaí nó a raibh an-tóir orthu i measc leanaí

**Cuideachtaí Fóntais**

Rinneadh iniúchadh ar thrí chuideachta fóntais soláthair fuinnimh in 2015 agus ba phríomh-shaincheist a tháinig chun solais maidir le torthaí na n-iniúchtaí bailitheoirí fiachais tríú páirtí a úsáid. Sainaithníodh saincheisteanna nár sainaithníodh i litreacha a eisíodh a lorg suimeanna nár íocadh a íoc an rialaitheoir sonraí a raibh an fiachas le híoc leis/léi. I ngach ceann de na trí thuarascáil iniúchta, d'eisigh an Oifig moladh nach mór go mbeidh aitheantas an rialaitheora sonraí a bheith soiléir don ábhar sonraí ag gach tráth i dtaobh litreacha a d'eisigh bailitheoirí a bhí ag oibriú thar ceann na rialaitheoirí sonraí.

Chomh maith leis sin, mholamar athbhreithniú ar nósanna imeachta láimhseála glaonna agus próisis fíordheimhnithe glaoiteora. Saincheist í seo a dtugtar tús áite di i measc gach eagraíochta ag a bhfuil bunachair shonraí mhóra chustaiméirí – chun an baol a chomhrac a chruthaíonn imscrúdaitheoirí nó bailitheoirí fiachais príobháideacha a fhaigheann faisnéis go neamhdhleathach trína goid ('blagging' as Béarla).

In dhá chás, mholamar, chomh maith leis sin, gur gá go mbeadh a gcórais in ann rochtain mhíchuí a shainaithint ar shonraí pearsanta ar a gcórais.

**An Earnáil Mhiondíola**

Lean an fhoireann iniúchta ar aghaidh lena clár iniúchtaí ar ionaid siopadóireachta, agus aird ar leith ar cheamaraí CCTV agus an ceanglas go mbíonn beartas CCTV i bhfeidhm. Bunaithe ar thorthaí iniúchta, chas an Oifig seo le comhlachtaí ionadaíocha miondíola chun saincheisteanna a thabhairt chun solais a sainaithníodh i rith an chláir sprioctha iniúchtaí in ionaid siopadóireachta. I dtaobh tionscnamh a bhí á mbeartú ag an earnáil mhiondíola chun gadaíocht siopa a chomhrac, rinne an fhoireann iniúchta tagairt do threoir a d'fhoilsigh an Oifig ina leagtar amach conas nach féidir ach le rialaitheoir sonraí (gach asraon miondíola) sonraí íogaire pearsanta maidir le déanamh ciona, nó le déanamh líomhnaithe ciona, a phróiseáil é/í féin ar mhaithe le tabhairt faoi chaingean dlí nó sa chás go dtugtar faoin bpróiseáil anuas ar dhualgas sonrach reachtúil. Sna tuarascálacha iniúchta féin, moladh, anuas air sin, do mhiondíoltóirí nach gcomhlíonfaí forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí dá roinnfeadh rialaitheoirí sonraí aon sonraí pearsanta maidir le déanamh ciona nó déanamh líomhnaithe ciona (faisnéis daoine aonair/ grianghraif de dhaoine aonair á roinnt ag miondíoltóirí éagsúla).

Limistéar nua a tháinig chun solais lena bhreithniú ba ea 'ceamaraí éide' (CEanna) a úsáid ar mhaithe le cuspóirí slándála sa timpeallacht mhiondíola. Mar thoradh ar an tsraith iniúchtaí ar ionaid siopadóireachta, chuir an fhoireann iniúchóireachta le treoir nua na hOifige maidir le CEanna a eisíodh i Nollaig 2015. Ar aon dul lenár dtreoir ar cheamaraí CCTV, ní mór d'úsáid aon trealamh faireachais riachtanais trédhearcacht an dlí um chosaint sonraí a chomhlíonadh.

**An Rannóg Saincheadúnais, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

Tugadh faoi iniúchadh ar Rannóg Saincheadúnais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun scrúdú a dhéanamh ar nósanna imeachta a rialaíonn an clár toghcháin agus an clár a cuireadh in eagar a chur i dtoll a chéile.

Scrúdaigh anailís staitistiúil faoinar thug an Oifig i gcaitheamh roinnt blianta na líonta daoine aonair a chláraigh chun vóta a chaitheamh gach bliain agus tugadh an borradh comhsheasmhach faoi deara a tháinig ar an gclár a cuireadh in eagar, go háirithe i limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (39%) i gcomparáid leis an mborradh náisiúnta, nach raibh chomh hard céanna (9.62%).

**Clár na dToghthóirí 2009 -2015 Figiúirí Náisiúnta**

| Bliain | An líon daoine ar an gclár iomlán | An líon daoine ar an gclár a cuireadh in eagar | An % ar an gclár a cuireadh in eagar |
|---|---|---|---|
| 2009 | 3,234,155 | 267,117 | 8.26 |
| 2010 | 3,273,216 | 283,267 | 8.65 |
| 2011 | 3,280,899 | 290,410 | 8.85 |
| 2012 | 3,249,590 | 301,726 | 9.29 |
| 2013 | 3,265,880 | 303,407 | 9.29 |
| 2014 | 3,276,029 | 309,191 | 9.44 |
| 2015 | 3,317,927 | 319,081 | 9.62 |

Ó 2004 i leith, ceanglaítear ar údaráis chlárúcháin chun dhá leagan den chlár toghcháin a fhoilsiú – an clár 'iomlán' agus an clár 'a cuireadh in eagar'. Liostaítear sa chlár iomlán gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach do chuspóir toghcháin nó reachtúil eile. Cuimsítear sa chlár a cuireadh in eagar ainmneacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a sonraí a úsáid ar chuspóir eile seachas cuspóir toghcháin nó reachtúil eile, e.g. go mbainfidh eagraíocht tráchtála nó eile úsáid astu ar mhaithe le margaíocht dhíreach a dhéanamh. Nuair a chláraítear chun vótála, nó nuair a leasaítear a sonraí clárúcháin mura roghnaíonn daoine aonair gan bheith páirteach, cuirfear iad leis an gclár a cuireadh in eagar go huathoibríoch agus is féidir margaíocht dhlisteanach a sheoladh chucu ar a ábhar sin.

Dheimhnigh an chigireacht a rinneadh ar an Rannóg Saincheadúnais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2015 go raibh 327,012 duine aonair ar chlár iomlán toghcháin CCBÁC agus go raibh 128,367 duine aonair ar an gclár a cuireadh in eagar – i.e. bhí 39% de gach duine aonair a

chláraigh chun vóta a chaitheamh i limistéir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an gclár a cuireadh in eagar.

Níor thángthas ar aon saincheisteanna a bhí ag teacht chun solais i dtaobh oibriú na Rannóige Saincheadúnais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ar an iomlán, ba dhealraitheach go raibh feasacht eagraíochtúil an-ard ar na prionsabail um chosaint sonraí, go ginearálta. Bhí an toradh seo sásúil, agus aird ar thoghchán na Dála a bhí ag teacht chun cinn, nuair a bheadh na cláir thoghcháin chun cinn.

**An Earnáil Árachais agus Sonraí faoi Phointí Pionóis**

Limistéar amháin a roghnaíodh chun aird ar leith a thabhairt air in 2015 a bhí i ngníomhaíochtaí próiseála sonraí cuideachtaí árachais maidir lena rochtain ar shonraí pointe pionóis, faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 53(3)(c) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010, ina luaitear an méid a leanas:

'féadfaidh árachóir feithiclí a bhfuil faomhadh aige/aici ón Aire rochtain a bheith aige/aici ar fhormhuinithe agus cigireacht agus scrúdú a dhéanamh ar fhormhuinithe ar an iontráil a bhaineann le daoine faoin alt seo agus féadfaidh sé/sí na cóipeanna siúd d'iontrálacha nó na sleachta siúd de na hiontrálacha, nó féadfaidh an tAire na cóipeanna siúd d'iontrálacha nó na sleachta siúd de na hiontrálacha a sholáthar dó/di, amhail a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ón árachóir feithiclí go réasúnta ar mhaithe le beartais fhaofa árachais a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha sin a fhéadfaidh an tAire a chinneadh.'

Ba é cuspóir na n-iniúchtaí chun scrúdú a dhéanamh ar áiseanna reatha laistigh de chuideachtaí árachais chun rochtain a fháil ar shonraí faoi phointí pionóis i gcomhar le saoráid, nó 'mol' earnála nua a thabhairt isteach ag Árachas Éireann (Insurance Ireland), a cheadaíonn rochtain dhíreach ar shonraí faoi phointí pionóis i bhfíor-am tríd an mol Seirbhís Sonraí Comhtháite Árachais. Leanfaimid le scrúdú breise a dhéanamh ar an limistéar seo in 2016.

Thángthas san iniúchadh ar fhianaise i leith sonraí faoi phointí pionóis a choimeád níos faide ná 3 bliana (faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, ní fhanann pointí pionóis ar thaifead ceadúnais ach ar feadh tréimhse 3 bliana) agus, mar thoradh air sin, leanann an Oifig le hidirchaidreamh a dhéanamh le cuideachtaí ar a ndearnadh iniúchadh in 2016 chun comhaontú a dhéanamh ar thréimhse inghlactha choimeádta agus ar réiteach cartlannaithe.

**Torthaí Iniúchta**

Áirítear leis na téamaí a sainaithníodh in iniúchtaí 2015 an méid a leanas:

1. **Easpa beartas coinneála sonraí**
   Faoi Alt 2(1)(c)(iv) den Acht, 'ní choimeádfar sonraí níos faide ná mar is gá chun na críche sin nó chun na gcríoch sin.' Faoi láthair, is féidir faisnéis a choimeád go saor agus go héifeachtach ar ríomhaire ar feadh tréimhse fhada. Leagann an ceanglas seo freagracht ar rialaitheoirí sonraí tuiscint shoiléir a bheith acu faoin tréimhse ama dá gcoimeádfar sonraí agus an chúis lena gcoimeádtar an fhaisnéis. Mura bhfuil údar maith ann chun faisnéis phearsanta a choimeád, ba cheart an fhaisnéis sin a scriosadh go rialta. Níor cheart faisnéis a choimeád riamh 'díreach ar eagla na heagla' gur féidir teacht ar úsáid di amach anseo.

2. **Easpa comharthaíochta don bheartas do chórais CCTV**
   Mura n-úsáidtear córais CCTV leis an gcúram agus an aird cheart, féadfaidh siad bheith ina n-údar leis an mbuairt go bhfuil ionradh míréasúnta á dhéanamh ar 'spás príobháideach' an duine aonair. Is ionann íomhánna inaitheanta a ghlacann córais CCTV agus sonraí pearsanta, agus tá siad faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí dá bharr. Ní mór go mbeidh rialaitheoir sonraí in ann údar a thabhairt le sonraí pearsanta a fháil agus a úsáid trí chóras CCTV. Chomh maith leis sin, ba cheart go dtabharfar le fios i gceart má tá córas CCTV ann. Is gnách gur féidir fógra i leith úsáid CCTV a bhaint amach trí chomharthaí soléite agus atá dea-shoilsithe a chur in airde in áiteanna feiceálacha.

3. **Úsáid iomarcach a bhaint as córais CCTV**
   Níor cheart CCTV a úsáid ach ar mhaithe leis an gcuspóir nó na cuspóirí dá bhfuil sé i bhfeidhm: mar shampla, slándáil nó sláinte agus sábháilteacht. Go ginearálta, níor cheart é a úsáid d'aon chuspóirí eile: mar shampla, monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoireann.

4. **Easpa raonta iniúchta chun rochtain mhíchuí a shainaithint**
   Níor cheart go mbeadh ach iad siúd ar gá dóibh rochtain a fháil ar shonraí le haghaidh cuspóirí sonracha, ar tugadh cuntas orthu roimhe seo, a bheith in ann amhlaidh a dhéanamh. Ba cheart d'eagraíochtaí raonta cearta iniúchta a choimeád d'fhonn cosaint a dhéanamh in aghaidh rochtain mhíchuí.

5. **Drochnósanna imeachta láimhseála glaonna a d'fhéadfadh 'goid sonraí' a cheadú**
   Sa chás go ndéanann glaoiteoirí mífhaisnéis a sholáthar agus go n-imríonn siad cleas ar fhostaithe de chuid eagraíochtaí ina bhfuil go leor sonraí, ar nós na Roinne Coimirce Sóisialaí nó Sheirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil FSS, chun sonraí a nochtadh, tugtar 'goid sonraí', nó 'blagging' i mBéarla, ar an bpróiseas sin. Is féidir na sonraí luachmhara a fuarthas go neamhdhleathach a aistriú go neamhdhleathach ansin. Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta daingne láimhseála glaonna acu chun cosaint a dhéanamh in aghaidh na gcleachtas siúd.

6. **Úsáid neamhdhleathach a bhaint as iarratais ar rochtain ar ábhar a forfheidhmíodh**
   Ón 18 Iúil 2014 i leith, tá sé in aghaidh an dlí go n-iarrann fostóirí ar fhostaithe nó iarratais ar fhostaíocht chun iarratas ar rochtain a dhéanamh ina lorgaítear cóipeanna de shonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don fhostóir nó don fhostóir ionchasach ansin.

I gcásanna ina ndeimhnítear go bhfuil eagraíochtaí neamhchomhlíontach agus go ndiúltaíonn siad nó go dteipeann orthu ina dhiaidh sin chun comhlíonadh go deonach, féadfaidh an Oifig machnamh ar na cumhachtaí forfheidhmithe atá ar fáil di a úsáid.

7. **Easpa soiléireachta maidir le rialaitheoir sonraí/conarthaí próiseálaí sonraí**
   Ba cheart go mbeadh conarthaí idir rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí. Ba cheart go leagfaí amach sna conarthaí coinníollacha sonracha faoi conas atá sonraí pearsanta a sholáthraíonn an rialaitheoir sonraí don phróiseálaí sonraí le próiseáil, le coimeád go slán agus a dhiúscairt a luaithe a chríochnaítear an phróiseáil.

8. **Sainaithint shoiléir an rialaitheora sonra sa chás go ndearnadh bailitheoir fiachais a fhostú**
   Amanna, fostaíonn institiúidí airgeadais gníomhaireachtaí bailithe fiachais chun féichiúnaí ar leith a aimsiú. Nuair a tharlaíonn seo, tugtar rochtain don ghníomhaireacht ar mhéid mór de shonraí íogaire pearsanta. Tá sé de dhualgas ar eagraíochtaí a shainaithint go soiléir cé hé an rialaitheoir sonraí sna cásanna siúd.

9. **Úsáid iomarcach a bhaint as am bithmhéadrach agus as córais freastail**
   Féadtar sonraí bithmhéadracha a chruthú ó shaintréithe fisiciúla nó fiseolaíocha duine. Ina measc seo, tá méarlorg, inteachán, reitine, aghaidh, imchruth láimhe, cruth cluaise, patrún gutha, DNA agus boladh coirp. Ar a bharr sin, is féidir sonraí bithmhéadracha a chruthú ó shonraí iompraíochta, ar nós lámhscríbhneoireacht nó anailís eochairbhuille.

   Ní mór d'fhostóir tabhairt faoi mheasúnú ar an ngá atá le córas bithmhéadrach agus measúnú ar na roghanna eile sula dtabharfar isteach aon chóras ar leith.

10. **Úsáid iomarcach a bhaint as ceamaraí éide**
    Is ionann ár dtreoir ghinearálta sa limistéar seo go measaimid nár cheart ceamaraí éide a ghníomhachtú ach i gcásanna foircneacha mar fhreagairt ar chritéir shonracha réamhshainithe, sa chás go bhféadfaí údar a thabhairt leis ar chuspóirí slándála agus sábháilteachta.

Mar fhreagairt ar thorthaí dá samhail seo, déanann an fhoireann moltaí dea-chleachtais, tugann siad treoir láithreach d'eagraíocht chun gníomh ar leith a ghlacadh nó tugann siad cuntas ar amfhráma ar cheart bearta ceartaithe a ghlacadh lena linn.

## TREOIR

Tá na comhairliúcháin rialta agus bhríocha faoina dtugann an Oifig le heagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí araon buntábhachtach i dtaobh an chuir chuige a ghlacann an Oifig. Seachas gan ach bheith ag faire amach le haghaidh sáruithe, ghlac an Oifig le cur chuige gníomhach agus réamhghníomhach i leith rialála, agus casann sí go rialta le cuideachtaí ilnáisiúnacha móra teicneolaíochta in Éirinn, mar shampla, chun plé a dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha de reachtaíocht um chosaint sonraí an AE. Idirghníomhaíonn an fhoireann le soláthraithe seirbhíse nuair a dhéantar táirge, seirbhís, beartas nó tionscnamh gnó a thionscnamh, agus cruthaíonn seo an deis chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh agus an toradh is fearr a lorg don ábhar sonraí. In 2015, fuair an Oifig 860 iarratas ar threoir agus cúnamh sonrach ag comhlachtaí earnála poiblí agus príobháidí agus thit os cionn 100 cruinniú leantach amach.

Rinneamar comhairliúchán ar an liosta a leanas, nach liosta críochnaitheach é, de thionscadail (bíodh tionscadail mhínitheacha nó eile i gceist leo) i rith 2015:

- An tAcht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013
- Comhchaighdeáin Tuairiscithe (CCT) arna ndréachtú ag an OECD
- An Bille um Aitheantóir Sláinte
- Oideachas – Príomhbhunachar Sonraí ar Líne (PBSL)
- Eircode
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Bille um Roinnt Sonraí
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – An Ghníomhaireacht Lárchnuasaigh
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – Sainaithint Tiománaithe Díchàilithe
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige – Leasú na Seirbhíse Caomhnóir ad Litem
- An Roinn Cosanta – Comóradh 1916
- An Roinn Cosanta/an Oifig Pleanála Éigeandála (an OPÉ) – Plean Gníomhaíochta Tuile
- Comhchur Chuige Gníomhaireachta – Monatóireacht a dhéanamh ar Fhostaíocht san Earnáil Iascaigh
- FSS – Cúram LG do Dhaoine faoi Sheasca Bliain d'Aois agus Cúram LG Saor in Aisce
- Sonraí Géiniteacha agus Taighde Sláinte Seicheamhaithe
- Údaráis Áitiúla agus Liostaí Tithíochta
- An Bord Taighde Sláinte agus Tograí chun Taighde Sláinte a Chumasú in Éirinn
- An tÚdarás Uchtála agus an Bille um Fhaisnéis agus Rianú, 2015
- Leachtú Ghrúpa Ospidéil Achadh an Toir
- Comhairliúchán ag páirtithe leasmhara éagsúil leis an oifig ar an mbonn dlíthiúil a theastaíonn chun buntacú le bunú féideartha bunachar sonraí

náisiúnta frithchalaoise don earnáil bhaincéireachta

- Comhairliúcháin ag réimse fairsinge eagraíochtaí leis an oifig a lorg treoir ar mheicníochtaí aistrithe sonraí pearsanta an AE agus SAM i ndiaidh go ndearnadh Tearmann a chur ar neamhní.

In 2015, nuashonraigh an Oifig a treoir mhionsonraithe ar thrí shaincheist mhóra um chosaint sonraí: dróin, CCTV agus ceamaraí éide.

**Dróin**

Oibríonn na haerárthaí beaga seo gan píolóta daonna. Baineadh leas astu d'úsáid mhíleata le fada an lá, agus, le blianta beaga anuas, tá úsáid á baint astu ar mhaithe le húsáid phríobháideach. Mar gheall air seo, ba ghá don Oifig treoir chuimsitheach agus thráthúil a eisiúint ar fhéidearthacht tionchar príobháideachas sonraí a d'fhéadfadh úsáid mhíchuí a bhaint as an teicneolaíocht seo a imirt.

**CCTV**

Sa mhullach air sin, tá fairsingiú suntasach tugtha faoi deara againn ar úsáid agus sofaisticiúlacht córais CCTV, atá imithe chun cinn a dhóthain, i gcásanna áirithe, gur féidir leo aghaidheanna a aithint agus idir íomhánna agus fhuaimeanna a thaifeadadh, arb ionann seo agus toise eile de mhonatóireacht.

Ina theannta sin, i ndiaidh rialáil an CBAE i gcás Ryneš an 11 Nollaig 2014, soiléiríodh nach gceadaítear sa díolúine um úsáid baile i dtaobh ceamaraí CCTV a chuimsítear in Airteagal 3(2) den Treoir um Chosaint Sonraí 95/46/CE le haghaidh *'gníomhaíocht phearsanta nó teaghlaigh'* do cheamaraí CCTV baile taifeadadh a dhéanamh ar spás lasmuigh de theorainneacha maoin féin duine agus nach gceadaítear gníomhaíochtaí mhuintir eile an phobail atá ag tabhairt faoina ngnó laethúil a ghabháil.

Ní mór na córais siúd a úsáid leis an gcúram agus an aird chuí mar gheall gur féidir leo bheith ina n-údar leis an mbuairt go bhfuil ionradh míréasúnta á dhéanamh ar spás príobháideach an duine aonair. Is gá go bhfuil rialaitheoir sonraí in ann údar a thabhairt le sonraí pearsanta a fháil agus a úsáid trí chóras CCTV agus beartas ceart scríofa CCTV a bheith i bhfeidhm chun cuntas a thabhairt ar an seasamh maidir le hiarratais ar rochtain ar phíosa scannáin ag tríú páirtithe, ar nós an Gharda Síochána.

**Ceamaraí Éide**

Ar aon dul lenár dtreoir ar cheamaraí CCTV, ní mór d'úsáid aon trealamh faireachais ceanglais trédhearcachta an dlí um chosaint sonraí a chomhlíonadh. Tagann saincheisteanna ar leith aníos maidir le ceamaraí éide, nó le fearais eile shoghluaiste taifeadta íomhánna, óna bhféadfadh taifeadtaí gan chuimhneamh eascairt. Lena chois sin, is minic go mbíonn cumas taifeadta gutha ag ceamaraí éide, a measann an Oifig gurb ionann agus ionradh breise iad isteach i gcearta príobháideachais agus um chosaint sonraí daoine aonair. Ceanglaíonn Alt 2(1)(c)(iii) de na hAchtanna go mbíonn sonraí 'leordhóthanach, ábhartha agus nach mbíonn siad iomarcach' maidir leis an gcuspóir dá mbailíodh iad. Ciallaíonn seo gur cheart do shonraí ón bpróiseáil sin a bheith teoranta go dian docht don mhéid sin a theastaíonn chun cuspóir ar leith a bhaint amach, agus ar an ábhar sin, bheadh súil ag an Oifig leis go mbeadh an rialaitheoir sonraí tar éis tabhairt faoi mheasúnuithe mionsonraithe riosca agus tionchair príobháideachais sular tugadh isteach iad.

**Treoir Amach Anseo**

Don bhliain 2016, rinneamar ár dtiomantas chun ár láithreán Gréasáin a athfhorbairt go hiomlán trí threoir chuimsitheach, atá inrochtana gan stró agus atá soiléir a sholáthar. Áireofar leis seo treoir a ghiniúint i nGaeilge a fhoilseofar ar leagan Gaeilge ár láithreáin Ghréasáin – www.cosantasonrai.ie. D'fhostaíomar acmhainn thiomnaithe dhlíthiúil chun cabhrú linn chun an cuspóir seo a sholáthar agus táim ag tnúth le toradh an tionscadail thábhachtaigh seo.

# RIALACHA CORPARÁIDEACHA CEANGAILTEACHA

Rialacha inmheánacha iad Rialacha Corparáideacha Ceangailteachta (RCCanna) lena nglacann grúpaí ilnáisiúnta de chuideachtaí. Is rogha é seo don chuideachta ar an ngá le clásail chaighdeánacha chonarthacha a shíniú gach uair ar gá dóibh sonraí a aistriú chuig comhalta dá ngrúpa corparáideach. Tugtar sna rialacha seo sainmhíniú ar an mbeartas domhanda maidir le haistrithe idirnáisiúnta de shonraí pearsanta laistigh den ghrúpa céanna corparáideach chuig aonáin i dtíortha nach soláthraíonn leibhéal leordhóthanach de chosaint. Go bunúsach, gníomhaíonn RCCanna mar chosaint i leith na n-aistrithe siúd agus cinntíonn siad go mbaineann gach aistriú a dhéantar laistigh de ghrúpa sochar ó leibhéal leordhóthanach de chosaint.

Ní mór RCCanna a bheith faofa faoi nós imeachta comhoibrithe an AE agus i gcásanna áirithe, ní mór do chuideachtaí breis údarú aistrithe a lorg ó údaráis náisiúnta um chosaint sonraí. Sa dlínse seo, ní theastaíonn an faomhadh náisiúnta sin mar gheall gur comhaltaí sin den chomhnós imeachta aitheantais agus go léirímid meas, ar an ábhar sin, ar an bpríom-ÚCS. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach soláthraíonn RCCanna bonn le haghaidh aistrithe a rinneadh lasmuigh den ghrúpa cuideachtaí.

Cruthaíodh RCCanna faoi Ghrúpa Oibre Airteagal 29 ach, ag leanúint chun cinn, bronnfaidh Airteagal 47 den RGCS aitheantas dlíthiúil ar an bpróiseas agus is dóchúil go n-eascróidh méadú as seo ar iarratais a luaithe a bhíonn an RGCS i bhfeidhm.

In 2015, bhí an Oifig ag gníomhú mar an príomh-athbhreithneoir i gceithre iarratas ar RCC. Ní féidir scaoileadh le sonraí faoi na cuideachtaí atá ag tabhairt faoin nós imeachta faofa faoi láthair go dtí go bhfaomhtar an RCC. Chomh maith leis

sin, chabhraíomar le ÚCS na Beilge leis an measúnú a rinne siad ar an iarratas ar RCC a rinne Óstáin agus Ionaid Saoire Starwood, a faomhadh idir an dá linn. Tá na hathbhreithnithe RCC ar bun, anuas ar na hiarratais bhreise ar RCC a fuarthas go luath in 2016.

## IDIRCHAIDREAMH TIPICIÚIL LE CUIDEACHTAÍ ILNÁISIÚNACHA TEICNEOLAÍOCHTA

In 2015, tugadh faoi deara gur tháinig fairsingiú ar ár n-idirchaidreamh, a bhí ar bun go leanúnach cheana féin, le heagraíochtaí ilnáisiúnacha in Éirinn. Lorg rialaitheoirí, i measc rudaí eile, ár gcomhairle agus treoir ar réimse fairsinge de cheisteanna eagraíochtúla agus teicneolaíochta. Leagtar amach thíos sampla den idirchaidreamh sin. De bhreis air sin, bhunaigh an Oifig seo saotharlann theicniúil fóiréinsice. Rinneamar infheistíocht i dtrealamh ar mhaithe lenár gcumas teicniúil a fhorbairt chun cabhrú le tabhairt faoi iniúchtaí teicniúla, imscrúduithe teicniúla agus taighde teicniúil. Bunaíodh an tsaotharlann theicniúil fóiréinsice ar líonra iargúlta neamhspleách, a cheadaíonn macasamhlú agus tástáil a dhéanamh ar chásanna éagsúla agus leas á bhaint as uirlisí bogearraí agus as trealamh teicniúil. Chuir seo feabhas ar chumas na hOifige, i gcaitheamh obair leanúnach, chun tabhairt faoi anailís theicniúil ar leaganacha éagsúla de bhogearraí agus cheadaigh sé do theicneolaithe éagsúla tástálacha a dhéanamh arís eile agus na critéir chéanna thosaithe á n-úsáid chun torthaí a bhailíochtú. Sa mhullach air sin, cheadaigh sé tástáil a dhéanamh ar na bogearraí seo i measc fearais iomadúla, e.g. ríomhairí glúine agus fearais shoghluaiste, agus córais éagsúla oibriúcháin, agus chuir sé ar ár gcumas a sheiceáil cé acu an raibh nó nach raibh an t-iompar comhsheasmhach i measc na dtimpeallachtaí athraitheacha seo.

Seo a leanas samplaí d'idirchaidreamh le roinnt de na cuideachtaí ilnáisiúnacha teicneolaíochta i rith 2015:

- Críochnaíodh athbhreithniú ar dhul chun cinn ar an gcur i bhfeidhm a rinne LinkedIn ar ár moltaí iniúchta de chuid iniúchadh 2013/14. B'éard a bhí i gceist leis seo ná comhfhreagras, cruinnithe agus athbhreithnithe a dhéanamh ar an tseirbhís agus ar an gcáipéisíocht agus ar na sonraí tacaíochta, anuas ar thuarascáil chuimsitheach ar staid sheirbhís LinkedIn faoi mar ba dhealraitheach dúinn í. Leanamar ag tabhairt faoi agus ag dul i ngleic le ceisteanna i gcaitheamh 2015.

- Cruinnithe agus comhfhreagras le Facebook Ireland Ltd i ndiaidh gur seoladh a mBeartas Sonraí agus Ráitis Fianán, socruithe agus rialúcháin phríobháideachais leasaithe. Leis seo, áiríodh athbhreithniú eagraíochtúil agus teicniúil a dhéanamh ar shocrúcháin agus rialúcháin maidir le fógraíocht, gnéithe nuashonraithe agus nua, ar nós cuntais leagáide agus clibeáil teaghlaigh, toiliú d'úsáid a bhaint as fianáin a láimhseáil, fardail sonraí pearsanta, sonraí láithreach a úsáid agus a choimeád, sonraí teagmhála a úsáid, agus idirchaidreamh fairsing ar shonraí láimhseála iarratais ar rochtain.

- Nuashonruithe ó Microsoft maidir lena mbunaíochtaí agus a ngnólachtaí Eorpacha agus athbhreithniú teicneolaíochta den bheartas nua-eisithe agus nuashonraithe príobháideachais.

- An iomaí cruinniú agus go leor comhfhreagrais maidir le rialacha aistrithe bunaithe ar chlásail chonarthacha agus rialacha corparáideacha ceangailteacha ó phróiseálaithe sonraí agus rialaitheoirí atá bunaithe anseo agus san Eoraip.

- Tosú le hiniúchadh dírithe teicneolaíochtbhunaithe ar limistéir áirithe de bhunaíocht agus táirgí Adobe Systems Ireland.

- Cruinnithe agus comhfhreagras le AirBnb maidir lena mbunaíocht nua in Éirinn agus le hoibriú an mhéid a chuireann a seirbhís agus a dtáirgí ar tairiscint san Eoraip.

- Roinnt cruinnithe le heagraíochtaí a bhfuil an fhéidearthacht a fiosrú acu chun bunú anseo mar rialaitheoir sonraí nó mar phróiseálaí sonraí sa tionscal seirbhísí airgeadais, 'Olltiomsú Sonraí' agus próiseála anailísí.

- Cruinniú agus comhfhreagras le Google maidir le cur i bhfeidhm bhreithiúnas 'an Ceart go Ligfí i nDearmad' de chuid an CBAE.

**Idirchaidreamh le LinkedIn**

Chasamar le hionadaithe sinsearacha beartais agus um chosaint sonraí LinkedIn i mBaile Átha Cliath roinnt uaireanta chun nuashonruithe a fháil ar mholtaí a rinneadh de bhun iniúchadh 2013, agus chun treoir agus moltaí dea-chleachtais a sholáthar a bhaineann le táirgí agus gnéithe LinkedIn. Bhí na cruinnithe seo dírithe ar go leor rudaí, a dtagraítear do rogha díobh thíos. I gcaitheamh 2015, bhí cruinnithe duine ar dhuine, físchomhdhálacha, malartuithe ríomhphoist agus glaonna gutháin le pearsanra LinkedIn maidir le saincheisteanna éagsúla um chosaint sonraí agus ríomhphríobháideachais a bhaineann le seirbhís agus athruithe beartaithe agus gnéithe nua LinkedIn.

Thit an t-idirchaidreamh seo amach i gcomhthráth le malartuithe le LinkedIn ar cheisteanna laethúla anuas ar cheisteanna a fuair ár nOifig ón bpobal. In 2015, thugamar roinnt idirchaidreamh agus plé táirgiúil faoi deara faoi ghnéithe nua táirgí, nuashonruithe ar tháirgí reatha, agus cruinnithe faisnéise ar chuideachtaí a rinne LinkedIn a éadáil. I roinnt cásanna, b'éard a d'eascair as seo go ndearnadh substaint nó sceideal na n-athruithe pleanáilte siúd a athrú. Leanann an t-idirchaidreamh seo le

LinkedIn ar aghaidh in 2016 agus leanann sé i dturas na huaire le táirgí agus gnéithe nua a leasú agus a fhorbairt. Déantar cur síos ar chuid de na hathruithe a rinne LinkedIn de bhun an iniúchta a rinneamar in 2013.

**Socruithe Comhaltaí**

I rith iniúchadh 2013, thugamar chun solais do LinkedIn an tábhacht a bhaineann le socruithe ábhartha atá i gcomhthéacs agus intáirge a fheabhsaíonn an smacht a bhíonn ag comhaltaí ar a sonraí agus é a dhéanamh níos fusa do chomhaltaí chun na rialúcháin seo a rochtain agus a úsáid. Gné thábhachtach í seo nach mór do sheirbhísí faisnéise-sochaí aird a thabhairt uirthi chun tacú lena n-iarrachtaí i dtaobh trédhearcachta agus d'fhonn cáilíocht agus bailíocht an toilithe a fhaigheann siad óna n-úsáideoirí a chinntiú. Chuige sin, ag gníomhú i leith ár dtreorach, tá an méid a leanas déanta ag LinkedIn:

- leagan amach agus láthair na socruithe intáirge ar phróifíl chomhalta a choigertú;
- nuashonrú déanta ar inrochtaineacht na socruithe i roinnt d'aipeanna soghluaiste LinkedIn;
- socruithe inlíne a chur leis a chuireann ar chumas comhaltaí lucht féachana a roghnú dá n-ábhar comhroinnte.

De bhreis air sin, leagamar béim ar an tábhacht a bhaineann le conas a chuirtear socruithe LinkedIn i láthair d'ábhair shonraí agus tugaimid faoi deara go ndearna LinkedIn iarrachtaí chun socruithe a athdhearadh d'fhonn na próisis rialaithe a shimpliú d'ábhair shonraí.

**Iarratais ar Rochtain ar Shonraí**

Rinneamar idirchaidreamh, chomh maith leis sin, le LinkedIn maidir leis an uirlis Iarratais ar Rochtain ar Shonraí a cruthaíodh mar thoradh ar ár moltaí a d'eascair ó dhualgais LinkedIn faoi Alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 2008. I rith 2008, dhírigh an t-idirchaidreamh seo timpeall ar chomhsheasmhacht fhreagairtí LinkedIn ar Alt 4, Iarratais ar Rochtain ar Ábhar, tríd an uirlis nua agus trí bhealaí eile cumarsáide. Cé nach bhfuil an uirlis ceaptha teacht in ionad freagairt oifigiúil ar Iarratas ar Rochtain ar Shonraí, is modh áisiúil é d'úsáideoirí chun an ceart seo a fheidhmiú nuair a iarrann siad ar shonraí áirithe pearsanta a choimeádann LinkedIn fúthu. In 2015, thugamar faoi deara gur cheart go n-áireofaí le forbairt na huirlise seo faisnéis cheangail agus teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoladh. Leanaimid le LinkedIn a spreagadh chun na saghsanna sonraí a mhéadú atá ar fáil d'úsáideoirí na huirlise seo chun tacú lena ndualgais faoi Alt 4.

**Bainistíocht Fianán**

Moladh creat cuimsitheach bainistíochta fianán do LinkedIn mar bhealach chun cabhrú leo chun na ceanglais a bhaint amach a leagtar ar rialaitheoirí sonraí ó pheirspictíocht ríomhphríobháideachais (féach I.R. Uimh. 336 de 2011). Tá sé beartaithe go dtacóidh an creat sin le foirne dearaidh agus innealtóireachta LinkedIn in úsáid chomhsheasmhach a bhaint as fianáin nó as stóráil eile brabhsálaithe agus fearais. Anuas air sin, ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir chun trédhearcacht agus soiléireacht a sholáthar d'ábhair shonraí faoi bhailiú, úsáid agus coinneáil shonraí LinkedIn a úsáidtear ar threalamh úsáideora, ar an tseirbhís a chuireann LinkedIn ar fáil agus as an tseirbhís a chuireann siad ar fáil. Anuas air sin, leagamar an bhéim air gur cheart do LinkedIn dul i ngleic lena ndualgais maidir le fógra agus faisnéis fheiceálach a thabhairt ina mbeartas fianán. D'iarramar go soláthródh LinkedIn níos mó sonraí ina mbeartas fianán a bhaineann le coincheapa ar nós 'Ná Rianaigh', rialúcháin lena roghnú gan bheith páirteach, fianáin tríú páirtí, meicníochtaí stórála neamhfhianán agus catagóiriú fianán aonair. Tá 'Comhairle Fianán' bunaithe anois ag LinkedIn chun dul i ngleic le agus bainistiú comhsheasmhach a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le fianáin i measc an mhéid a chuireann a seirbhísí ar fáil agus i measc a n-oibríochtaí próiseála, agus tá obair ar na ceisteanna seo ar bun. Tugaimid faoi deara go bhfuiltear ag dul i ngleic lenár moltaí agus go bhfuil obair ar bun. Leanaimid le monatóireacht agus idirchaidreamh a dhéanamh le LinkedIn ar éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus oiriúnacht thabhairt isteach na n-athruithe seo a rinneadh in 2015 agus a dhéanfar amach anseo in 2016.

**Príobháideachas trí Dhearadh**

I gcaitheamh 2015, leagamar béim ar an tábhacht a bhaineann le príobháideachas trí dhearadh i measc gach rialaitheora a chuireann táirgí coimpléascacha ar fáil, iad siúd a bhfuil lucht féachana mór agus ilnáisiúnach, agus go minic nuair a bhíonn an teicneolaíocht ina príomhghné i soláthar táirgí. I gcás eagraíochtaí, príomhchoincheap is ea seo a théann chun sochair ábhair shonraí go díreach. Cabhraíonn sé leis na heagraíochtaí siúd a ndualgais um chosaint sonraí a chomhlíonadh ó chás gnó agus dearadh a fhad le cothabháil táirgí agus deireadh ré. Tá de chuspóir aige a chinntiú go ndéanann iad siúd go léir atá laistigh den eagraíocht atá páirteach in, a bhfuil caidreamh gníomhach acu le nó a bhfuil baint acu le táirgí nó seirbhísí eagraíochta, breithniú gníomhach agus go dtéitear i ngleic go gníomhach le cosaint sonraí óna coincheap go dtí a soláthar agus a fhad lena hiarchúram. D'iarramar ar LinkedIn go sonrach chun breis forbartha a dhéanamh ar an gcaidreamh dlúth idir a fhoirne dlíthiúla agus innealtóireachta lena chinntiú go leantar le breithniú a dhéanamh ar phríobháideachas i rith gach céime de dhearadh táirgí. Chuige sin, bhunaigh LinkedIn foireann láraithe anuraidh d'innealtóirí príobháideachais agus slándála i mBaile Átha Cliath chun pearsanra innealtóireachta agus táirgí a thástáil agus chun oiliúint a chur orthu. Tá dlúthnasc ag an bhfoireann seo le foireann dhlíthiúil LinkedIn in Éirinn, agus i dteannta a chéile, oibríonn siad lena spreagadh úsáid a bhaint as príobháideachas trí mhodheolaíochtaí dearaidh fud fad eagraíocht LinkedIn. Arís eile, leanfaimid le monatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar éifeachtacht agus cur i bhfeidhm na foirne nua seo in 2016.

Seachas na nithe a luaitear thuas, leanaimid in 2016 ag oibriú le LinkedIn ag tabhairt faoi athruithe a théann i ngleic le moltaí iniúchta sa teicneolaíocht agus san eagraíocht araon, agus ar ghnéithe, aipeanna agus seirbhísí nua agus nuashonraithe a chuireann LinkedIn agus a pháirtithe nó

a chleamhnaithe ar fáil, ar ardán LinkedIn agus a mhalairt araon.

**Idirchaidreamh le Facebook**

I rith 2015, rinne foireann na hoifige seo idirchaidreamh le bainistíocht shinsearach Facebook maidir le héagsúlacht fhairsing de shaincheisteanna um chosaint sonraí. Rinne an Oifig seo athbhreithniú ar bheartais agus táirgí éagsúla nua agus sholáthair sí treoir agus moltaí dea-chleachtais ar shaincheisteanna. Tugtar cuntas thíos ar roinnt samplaí de shaincheisteanna a bhreithnigh an Oifig seo. Leanfaidh an rannpháirtíocht seo in 2016.

**Roghnú gan bheith páirteach i bhFógraíocht Iompraíochta ar Líne**

Tá muintir an phobail ag éirí níos feasaí ar an rianú atá á dhéanamh ar a n-iompar ar líne. Ar aon dul leis an reachtaíocht infheidhme um chosaint sonraí, is tábhachtach go mbíonn gach úsáideoir in ann rogha níos mó a fheidhmiú maidir le conas agus a phróiseáiltear a sonraí agus cén cuspóir dá bpróiseáiltear a sonraí.

Bealach atá i bhfógraíocht iompraíochta ar líne (FIL) chun faisnéis a úsáid faoi ghníomhaíocht bhrabhsála Gréasáin úsáideora d'fhonn grúpaí úsáideoirí a chatagóiriú isteach ina ngrúpaí spéise agus a chur ar chumas fógraí a dhíriú ar na húsáideoirí bunaithe ar a suimeanna. In go leor cásanna, níl an fhaisnéis a úsáidtear chun spriocdhíriú ar fhógraí pearsanta sa mhéid nach féidir an t-úsáideoir a shainaithint. Sa chás go n-úsáidtear fógraíocht atá inaitheanta go pearsanta, ní mór don bheartas agus don fhógra príobháideachais d'úsáideoirí faisnéis shoiléir intuigthe agus chuimsitheach a sholáthar maidir leis an gcéanna ionas gur féidir leis an úsáideoir cinneadh feasach a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhaineann siad as sonraí, idirdhealú a dhéanamh idir fógraíocht atá bunaithe ar shuim agus fógraíocht atá saincheaptha dó/di, agus rogha a fheidhmiú gan bheith páirteach, faoi mar a cheanglaítear.

An 15 Meán Fómhair 2015, i ndiaidh rannpháirtíocht dhian leis an Oifig i gcaitheamh roinnt míonna maidir le fógraíocht iompraíochta ar líne a thabhairt isteach san AE, d'fhógair Facebook Ireland Ltd tabhairt isteach feidhmiúlacht bhreise a cheadaíonn d'úsáideoirí roghnú gan bheith páirteach i bhfógraíochta iompraíochta ar líne trí sheirbhís féin Facebook, a chiallaíonn a luaithe a roghnaíonn úsáideoir gan bheith páirteach agus leas á bhaint as an uirlis, cuirfidh Facebook na roghanna i bhfeidhm a rinneadh gach áit a n-úsáideann siad Facebook. I bhfriotal eile, bíonn feidhm ag na roghanna a dhéanann úsáideoirí i measc fearais éagsúla. Glacadh leis an uirlis seo mar fhreagairt ar aiseolas uainn agus ó pháirtithe leasmhara eile go mb'fhearr d'úsáideoirí chun a rogha OBA a fheidhmiú ar fud an idirlín gan bheith orthu cuairt a thabhairt ar láithreán tríú páirtí a d'úsáid fianáin.

**Bunphrionsabail Phríobháideachais**

I gcaitheamh a rannpháirtíochta le Facebook Ireland Ltd, measann an Oifig, nuair a lorgaíonn úsáideoirí faisnéis faoi rialúcháin phríobháideachais ar an meán, gur cheart go mbeadh bealach ann chun an fhaisnéis sin a scaipeadh anuas ar an mBeartas Sonraí. Mar fhreagairt ar ár n-aiseolas, d'fhorbair agus sheol Facebook Ireland Ltd Bunphrionsabail Phríobháideachais (Privacy Basics), a sholáthraíonn uirlis bheochana foghlama agus treoracha idirghníomhacha d'úsáideoirí a chuireann ar chumas úsáideoirí chun a bhfaisnéis a úsáid i measc réimse fairsing ábhar.

**Seiceáil Príobháideachais**

Leagann an Oifig, i ngach idirghníomhaíocht a dhéanann sí le Facebook Ireland Ltd, an bhéim go leanúnach ar an tábhacht go dtuigeann úsáideoirí cé ar féidir leis/léi an t-ábhar a roinntear a fheiceáil. Mar fhreagairt ar an aiseolas seo, d'fhorbair agus sheol Facebook Ireland Ltd a uirlis Seiceála Príobháideachais.

Uirlis feabhsaithe príobháideachais atá i Seiceáil Príobháideachais a chabhraíonn le húsáideoirí Facebook athbhreithniú agus coigeartú a dhéanamh ar a socruithe príobháideachais, a chabhraíonn le húsáideoirí a chinntiú go bhfuil ábhar á roinnt acu go cuí agus go bhfuil roghanna príobháideachais úsáideoirí á lárú acu.

**D'Fhaisnéis a Íoslódáil**

Mar fhreagairt do na moltaí a chuimsítear in iniúchadh na hOifige seo, d'fhorbair Facebook Ireland Ltd uirlis a cheadaíonn d'úsáideoirí cóip a íoslódáil dá sonraí Facebook gan stró ('Íoslódáil d'fhaisnéis/Download your information' nó 'DYI'). Soláthraíonn Facebook Ireland Ltd anois pointe tiomnaithe teagmhála trí sheoladh ríomhphoist – datarequests@support.facebook.com – d'úsáideoirí a bhfuil riachtanais mhionsonraithe acu i dtaobh rochtana ar shaghsanna sonraí pearsanta nó ar ghearáin faoin bhfáil atá ar roinnt sonraí.

## RIANÚ DOMHANDA PRÍOBHÁIDEACHAIS – LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN AGUS AIPEANNA SOGHLUAISTE

I Meitheamh 2007, ghlac rialtais an OECD le Moladh ar Chomhar Trasteorann i bhforfheidhmiú Dlíthe a Chosnaíonn Príobháideacht. D'iarr an moladh ar bhalltíortha chun bunú líonra neamhfhoirmiúil d'Údaráis Forfheidhmithe Príobháideachais a chothú chun tacú le comhthionscnaimh forfheidhmithe agus le feachtais feasachta. Bunaíodh Líonra Forfheidhmithe Príobháideachais Dhomhanda (LFPD) in 2010 de bhun an mholta seo. Is é cuspóir an Líonra chun comhoibriú a chruthú idir rialaitheoirí cosanta sonraí ar fud an domhain chun príobháideachas pearsanta a threisiú, agus tá 51 údarás um chosaint sonraí i measc 39 dlínse ann faoi láthair.

Idir an 11 agus an 15 Bealtaine 2015, ghlac 29 rialaitheoir um chosaint sonraí timpeall

an domhain, Éire ina measc, páirt sa tríú Rianú den LFPD, a scrúdaigh cleachtais phríobháideachas sonraí 1,494 láithreán gréasáin agus aipeanna soghluaiste (aipeanna) atá dírithe ar leanaí nó a bhfuil an-tóir orthu i measc leanaí.

Dheimhnigh na torthaí idirnáisiúnta go ndearna 41% de láithreáin ghréasáin agus d'aipeanna a measúnaíodh ábhair bhuartha a thabhairt chun solais, go háirithe maidir le méid na sonraí pearsanta a bailíodh agus an bealach inar roinneadh iad ina dhiaidh sin le tríú páirtithe.

Bhí an méid a leanas ina chonclúid ag na torthaí idirnáisiúnta:

- As na suíomhanna/aipeanna a scrúdaíodh, bhailigh 67% díobh faisnéis phearsanta faoi leanaí.
- Ní raibh rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm ach ag 31% de na suíomhanna/na haipeanna chun teorainn a chur ar fhaisnéis phearsanta ó leanaí. B'ábhar mór buartha nach ndearna go leor eagraíochtaí ar shoiléir go raibh an-tóir ar a láithreáin/a n-aipeanna i measc leanaí ach a mhaíomh ina bhfógraí príobháideachais nár beartaíodh go mbainfeadh leanaí leas astu, agus níor chuir siad aon rialúcháin bhreise i bhfeidhm, ina dhiaidh sin, chun cosaint a dhéanamh i gcoinne sonraí pearsanta ó na leanaí a gheobhadh rochtain ar deireadh thiar ar an aip nó an láithreán.
- Rinne leath de na láithreáin/aipeanna faisnéis phearsanta a roinnt le tríú páirtithe.
- Sholáthair 22% de na láithreáin/aipeanna deis do leanaí chun a n-uimhir ghutháin a thabhairt agus cheadaigh 23% díobh grianghraif nó físeán a sholáthar. Is léir gurb ábhar buartha íogaireacht fhéideartha na sonraí seo.
- Chuir 58% de na láithreáin/aipeanna seo an deis do leanaí a bheith atreoraithe chuig láithreán gréasáin eile.
- Níor spreag ach 24% de na láithreáin/aipeanna go mbeadh baint ag tuismitheoir.
- Níor chuir 71% de na láithreáin/aipeanna bealach inrochtana ar fáil chun faisnéis faoi chuntas a scriosadh.

I gcás na hÉireann, bhain scrúdú a dhéanamh ar 18 n-aip agus láithreán Gréasáin leis an rianú (idir cinn idirnáisiúnta agus Éireannacha) a bhfuil an-tóir orthu i measc leanaí na hÉireann. Dheimhnigh torthaí na hÉireann gur iarr na haipeanna/na láithreáin Ghréasáin a tástáladh sonraí teicniúla ar nós fianán (61%), seoltaí IP (28%), Uimhir Uathúil Aitheantais (50%) agus geoshuíomh (28%). Thug foireann an rianaithe faoi deara, chomh maith leis sin, go raibh fógraíocht tríú páirtí le sonrú ar 45% de na haipeanna/láithreáin Ghréasáin, nach mbainfeadh go leor di le leanaí ach nach mbeadh go leor di oiriúnach do leanaí.

D'éirigh le torthaí foriomlána an rianaithe roinnt limistéar de dhea-chleachtas a shainaithint, agus sholáthair láithreáin ghréasáin agus aipeanna áirithe rialuithe éifeachtacha cosanta, ar nós deaiseanna tuismitheora, agus abhatáranna agus/nó ainmneacha úsáideora réamhshocraithe chun cosc a chur ar leanaí a bhfaisnéis féin phearsanta a roinnt gan chuimhneamh. I measc na dea-shamplaí eile, bhí feidhmeanna comhrá nár cheadaigh leanaí ach focail nó frásaí ó liostaí réamhfhaofa, agus rabhaidh 'díreach in am' a úsáid chun leanaí a dhíspreagadh ó fhaisnéis phearsanta a iontráil gan ghá.

Tá ar láithreáin ghréasáin agus aipeanna atá dírithe ar leanaí nó a bhfuil an-tóir orthu i measc leanaí feabhas mór a chur ar shlándáil sonraí, áfach.

Shainaithin rianú na hÉireann 5 láithreán/aip a thug ábhair ar leith chun solais don Oifig seo. Cé nach raibh 4 cinn díobh seo bunaithe sa dlínse seo, thugamar faoi anailís ní ba mhionsonraithe ar gach ceann de na láithreáin/aipeanna seo. I gcás amháin, chuireamar an ICO sa Ríocht Aontaithe ar an eolas ar ár dtorthaí. I gcás eile, rinneamar teagmháil leis an ISAI i ngeall go raibh fógraíocht mhíchuí á déanamh ar láithreán Gréasáin Éireannach. Níor ghá ná níorbh fhéidir tabhairt faoi mheasúnú breise leantach leis na láithreáin/aipeanna eile, mar gheall gur réitigh ceann amháin na saincheisteanna, ní ann do cheann eile, agus sa tríú cás, níorbh fhéidir linn an dlínse ábhartha a shainaithint.

# AN TAONTAS EORPACH

**Dlíthe Nua um Chosaint Sonraí an AE**

Lean tograí an Choimisiúin Eorpaigh do chreat nua um Chosaint Sonraí Ginearálta, a foilsíodh in 2012, bheith mar ábhar go leor plé in 2015. I Nollaig 2015, baineadh comhaontú polaitiúil amach leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle na hEorpa i ndiaidh idirbheartaíocht 'idirphlé tríphháirteach' idir na trí institiúid. Tá dhá ionstraim i gceist leis an leasú: an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus Treoir um Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear ar mhaithe le cuspóirí forfheidhmithe dlí. Cuirfidh an RGCS ar chumas daoine rialú níos fearr a dhéanamh ar a sonraí pearsanta agus ceadóidh sé do ghnólachtaí chun an sochar is mó a bhaint as deiseanna an Mhargaidh Dhigitigh Aonair. Cinnteoidh an Rannóg um Chosaint Sonraí don earnáil phóilíní agus cheartais choiriúil go gcosnaítear go cuí sonraí íospartach, finnéithe agus daoine a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad cionta, i gcomhthéacs imscrúdú coiriúil nó gníomh forfheidhmithe dlí. Éascóidh na dlíthe comhchuibhithe seo comhoibriú trasteorann póilíní nó ionchúisitheoirí, chomh maith, chun coireacht agus sceimhlitheoireacht a chomhrac níos éifeachtaí ar fud na hEorpa.

Déanfaidh an leasú dlíthe um chosaint sonraí san Eoraip a chomhchuibhiú agus a nuachóiriú. De réir suirbhé Eorabharaiméadair, luaigh dhá thrian d'Eorpaigh (67%) go bhfuil siad buartha mar gheall nach bhfuil smacht iomlán acu ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn siad ar líne. Treiseoidh an leasú um chosaint sonraí an ceart i leith cosaint sonraí, ar ceart bunúsach é san AE, agus a cheadóidh do shaoránaigh chun muinín a bheith acu nuair a roinneann siad a sonraí pearsanta.

**Meitheal Oibre Airteagal 29**

In 2015, d'fhreastail an Coimisinéir nó an Leas-Choimisinéir ar gach réamhchruinniú de chuid Mheitheal Oibre Airteagal 29, a ghníomhaíonn mar chomhairleoir don Choimisiún Eorpach maidir le saincheisteanna um chosaint sonraí. Anuas air sin, cuireann siad cur i bhfeidhm aonfhoirmeach de dhlí um chosaint sonraí an AE chun cinn ar fud an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh. I rith 2015, mhalartaigh siad smaointe ar go leor saincheisteanna oibríochtúla agus beartais.

I nDeireadh Fómhair 2015, thionóil Meitheal Oibre Airteagal 29 a chéad réamhchruinniú chun scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí rialáil Schrems an CBAE a rinneadh an mhí sin. Ag an gcruinniú sin, shoiléirigh Meitheal Oibre Airteagal 29 go raibh aistrithe faoi Thearmann ina n-aistrithe dlíthiúla anois agus thug sé faoi scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí na rialála ar mheicníochtaí eile d'aistriú (SCCanna agus RCCanna) agus spreag sé ballstáit agus an Coimisiún chun na réitigh riachtanacha pholaitiúla agus dhlíthiúla a aimsiú ar aistrithe AE-SAM.

**Foghrúpaí Airteagal 29**

I rith 2015, d'fhreastail comhaltaí foirne ar chruinnithe Fhoghrúpaí Airteagal 29. Baineann ríthábhacht lenár rannpháirtíocht i bhFoghrúpa Teicneolaíochta Airteagal 29 i dtaca le comhsheasmhacht i mbeartas agus forfheidhmiú ar leibhéal na hEorpa i dtaobh saincheisteanna teicneolaíochta. Tá na hábhair a chuimsítear sna cruinnithe seo fairsing agus éagsúil ach d'eascair comhoibriú astu le bliain anuas i dtuairimí maidir le ceisteanna ar nós dróin a úsáid, néalríomhaireachta agus rianú fianán ar fud na hEorpa. I gcaitheamh 2015, lean an Foghrúpa Teicneolaíochta ag díriú ar bheartais phríobháideachais Google agus Facebook agus leanann sé le hamhlaidh a dhéanamh in 2016.

Bhí foghrúpaí eile gníomhach sna limistéir a leanas: clásail samhail chonartha, rialacha ceangailteacha corparáideacha, slándáil náisiúnta, leasanna dlisteanacha, an dlí infeidhme agus cur chuige riosca i leith cosaint sonraí. Mar gheall ar ról gníomhach na hÉireann sna grúpaí seo agus agus i dtuairimí a dhréachtú, is féidir linn saineolas agus eolas a roinnt lenár gcomhghleacaithe san Eoraip ar réimse fairsing ábhar, agus plé á dhéanamh, i gcomhthráth, ar chur chuige i leith forfheidhmiú, agus tuiscint a fháil ar na difríochtaí a tharlaíonn amanna i gcur i bhfeidhm náisiúnta Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

**Comhchomhlachtaí Maoirsithe**

I rith 2015, d'fhreastail comhaltaí foirne ar chruinnithe Chomhchomhlachtaí Maoirsithe JSB Europol agus JSA Customs. Bunaíodh na grúpaí seo chun monatóireacht a dhéanamh ar shonraí pearsanta a phróiseáil i mbunachair shonraí mhóra uile-Eorpacha a oibríonn Europol agus údaráis chustaim Eorpacha.

**Sáruithe ar Shonraí**

Ghlac an Oifig páirt, chomh maith, i gCleachtadh mórscála uile-Eorpach um Shárú ar Shonraí i Samhain 2015 ina bhfuair comhaltaí foirne taithí phearsanta ar an modheolaíocht chun déileáil le sárú ar shonraí a tharchéimníonn teorainneacha agus a imríonn tionchar ar ábhair shonraí i roinnt ballstát den AE.

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an CBAE)**
**Maximilian Schrems agus Facebook (Cás C-362/14)**

Éisteadh leis an éisteacht ag an CBAE ar ghearán an Uasail Schrems i gcoinne CCS na hÉireann i Lucsamburg i Márta 2015. D'eisigh an tArd-Abhcóide a thuairim ina leith seo an 23 Meán Fómhair 2015. Go gairid ina dhiaidh sin, an 6 Deireadh Fómhair, d'eisigh an CBAE a rialáil thábhachtach agus fhadréimseach sa chás, lenar áiríodh Tearmann a chur ar neamhní.

I gcaitheamh na héisteachta dá éis sin, in Ard-Chúirt na hÉireann an 20 Deireadh Fómhair 2015, rinneadh an cheist a tharchur lena breithniú chuig an CCS, a thug faoi '... substaint an ghearáin, anuas ar an dícheall cuí go léir' a imscrúdú.

Thug an Chúirt cuireadh don Uasal Schrems gearán athcheaptha a sheoladh ar ais i gcomhthéacs Tearmann a chur ar neamhaí agus tá seo ina ábhar imscrúdaithe leanúnaigh.

**D'eisigh an CBAE dhá bhreithiúnas eile a bhain go sonrach le cosaint sonraí i rith 2015:**

- I nDeireadh Fómhair 2015, d'eisigh an CBAE rialáil i gcás Smaranda Bara (C-201/14), ina raibh baint ag sonraí a roinnt idir na húdaráis chánach agus an Ciste Náisiúnta Árachas Sláinte sa Rómáin ar mhaithe le haon riaráistí infheidhme a bhailiú. Mhaígh an Chúirt, sa chás sin, go gcuirtear cosc i ndlí an AE ar shonraí pearsanta a aistriú agus a phróiseáil idir dhá chomhlacht riaracháin phoiblí gan fógra a bheith tugtha do na daoine atá i gceist (ábhair shonraí) roimh ré. Sholáthair an cás seo soiléiriú tábhachtacha do chomhlachtaí poiblí a bhféadfadh gur mian leo tabhairt faoi shonraí a roinnt.

- Sa mhí chéanna, i gCás C-230/14 Weltimmo v Nemzeti, rinne an Chúirt staidéar ar dhlínse agus 'bunú' a eisiúint ar mhaithe le cuspóirí na Treorach um Chosaint Sonraí (95/46/CE) i gcás lenar bhain cuideachta chláraithe na Slóvaice ach a rinne fógraíocht do réadmhaoin Ungáracha i dteanga na hUngáirise agus a ghearr táillí fógraíochta a tarchuireadh ar aghaidh iad chuig cuntas bainc Ungárach. Is gá staidéar a dhéanamh ar bhreithiúnas iomlán na Cúirte i dtaobh a fhíricí sonracha ach, dá ainneoin, réiteoidh an RGCS go leor de na saincheisteanna a scrúdaíodh sa chás seo maidir le dlínsí ÚCS agus rialaitheoirí a bhunú araon.

## GNÍOM-HAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

Rinneadh ionadaíocht don Oifig ag searmanas sínithe an Líonra Forfheidhmithe Príobháideachais Dhomhanda (an LFPD) agus ag cruinnithe gaolmhara dá chuid den téama '2016 agus ina dhiaidh – Ré Nua i gComhoibriú Domhanda' ('2016 and beyond – A New Era in Global Enforcement Cooperation'). Líonra neamhfhoirmiúil d'Údarás Forfheidhmithe Príobháideachais atá sa LFPD a thacaíonn le comhthionscnaimh forfheidhmithe agus comhfheachtais feasachta ar fud an domhain agus tá 51 údarás um chosaint sonraí ann i measc 39 dlínse, an Oifig seo ina measc.

Leanamar le caidreamh trasatlantach a chothú trí fhreastal ar imeachtaí a d'eagraigh Cumann Tráchtála SAM agus an Coimisiún um Thrádáil Chónaidhme.

Taobh amuigh de leibhéal an AE, leanaimid go gníomhach le páirt a ghlacadh i gceisteanna a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta sa Meitheal Idirnáisiúnta Oibre um Chosaint Sonraí i dTeileachumarsáid (an IWGDPT) agus sa Líonra Innealtóireachta um Príobháideachas Idirlín (an IPEN) a cruthaíodh le déanaí agus ghlacamar páirt in 37ú Comhdháil na gCoimisinéirí um Chosaint agus Príobháideachas Sonraí in Amstardam.

# AGUISÍNÍ

Liosta na nEagraíochtaí ar a ndearadh Iniúchadh nó Cigireacht in 2015

Cás-Staidéir
1) Cionta margaíochta ag MTS Property Management Limited – ionchúiseamh
2) Cionta margaíochta ag Greyhound Household – ionchúiseamh
3) Cionta margaíochta ag Imagine Telecommunications Business Limited – ionchúiseamh
4) Cionta margaíochta ag Eircom Limited – ionchúiseamh
5) Fórsaí Cosanta na hÉireann – teip ar shonraí a choimeád slán agus sábháilte
6) Breis próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta ag comhlacht stáit
7) Úsáid iomarcach a bhaint as CCTV ag ollmhargadh chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhalta foirne
8) Faisnéis phearsanta a nochtadh do thríú páirtí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí
9) CCTV ceilte suiteáilte gan an bhainistíocht a bheith curtha ar an eolas
10) Roinneann Danske Bank faisnéis faoi chuntas le tríú páirtithe go hearráideach
11) Baineann teip ar sheoladh custaiméara a nuashonrú de rúndacht sonraí pearsanta
12) Úsáid éagórach a bhaint as sonraí CCTV
Cur i Láthair agus Caidreamh Gníomhach le Páirtithe Leasmhara
Staitisticí Clárúchán
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Tuarascáil Fuinnimh

# LIOSTA NA NEAGRAÍOCHTAÍ AR A NDEARADH INIÚCHADH NÓ CIGIREACHT IN 2015

Ba mhian leis an gCoimisinéir buíochas a ghlacadh le gach ceann de na heagraíochtaí ar a ndearnadh iniúchadh agus cigireacht i gcaitheamh na bliana mar gheall ar a gcomhoibriú. Cé gur dheimhnigh na foirne cigireachta go raibh feasacht agus comhlíonadh sách ard i leith na bprionsabal um chosaint sonraí sna heagraíochtaí ar a ndearnadh cigireacht, theastaigh gníomh ceartaithe ón tromlach mór díobh i limistéir áirithe. Léirigh an tromlach díobh go siad toiliúil chun nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil a gcuid freagrachtaí um chosaint sonraí á gcomhlíonadh go hiomlán acu.

- Grafton Recruitment
- Electric Ireland
- Scéim Rothar Bhaile Átha Cliath
- An tAonad Ceadúnaithe Oibreoirí Iompair de Bhóthar
- Marks & Spencer
- Woodies DIY
- SSE Airtricity
- Aldi
- Aturnaetha Croskerry
- Rigney Dolphin
- Littlewoods
- Dalmac Recruitment & Aviation Services
- Bord Gáis
- Pepper Ireland
- MJG Investigations
- ECO Group Services
- James Cowley & Associates
- Rannóg Saincheadúnais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Shoreline
- Oracle
- Banc-Aontas Éireann (tugadh faoi dhá iniúchadh ar leith maidir le ceisteanna scoite)
- Banc Uladh
- Start Mortgages
- Aviva Insurance
- Axa Insurance
- An Chónaidhm Náisiúnta Earcaíochta (iniúchadh deisce)
- Adobe
- Kerry Foods
- Arizun Services
- Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
- Coiste Meánoideachais
- Ospidéal Ollscoile Mater Misercordiae
- Ionad Sláinte Shoird
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre
- Aer Lingus
- Cuntasóirí Cairte BDO
- An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc
- Dunnes Stores
- Banc na hÉireann
- Caisleán Bhaile an Bharbaigh
- CEIST Ltd
- Páirtnéirí Lawlor, Aturnaetha
- J.F. Harrington & Company
- Allianz
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Zurich Insurance
- Greendoor Property Management
- QED Recruitment
- Europol
- Caidreamh san Áit Oibre (Binse Comhionannais)

# CÁS-STAIDÉIR

**Cás-Staidéar 1:
Cionta margaíochta ag MTS Property Management Limited – ionchúiseamh**

Rinne duine aonair gearán linn i bhFeabhra 2013 ar seoladh teachtaireachtaí margaíochta i dteachtaireachtaí téacs chuici ó MTS Property Management Limited a rinne fógraíocht ar sheirbhísí bainistíochta réadmhaoine na cuideachta. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn gur dhéileáil sí leis an gcuideachta uair amháin breis agus cúig bliana ó shin ach níor thug sí toiliú go n-úsáidfí a huimhir ghutháin ar mhaithe le cuspóirí margaíochta. Thug sé le fios, lena chois sin, nár sholáthair na teachtaireachtaí téacs a fuair sí bealach chun diúltú a bheith páirteach.

Rinne imscrúdú fadálach den ghearán a rinneamar ar an ngearán seo mar gheall gur shéan an chuideachta go raibh eolas acu ar an uimhir ghutháin ar seoladh na teachtaireachtaí téacs chuici agus shéan siad go raibh cur amach acu ar shealbhóir cuntais na huimhreach gutháin a sheol na teachtaireachtaí. Ar a shon sin, tháinig ár n-imscrúdú ar dhóthain fianaise lena shásamh dó féin go raibh MTS Property Management Limited freagrach as na teachtaireachtaí margaíochta téacs a sheoladh chuig an ngearánaí. Rinneamar an cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh i leith na gcionta.

Cuireadh MTS Property Management Limited ar ár n-aird cheana féin i samhradh 2010 nuair a rinne beirt daoine aonair gearán faoi theachtaireachtaí margaíochta téacs gan iarraidh a bheith seolta chucu gan toiliú agus gan meicníocht a bheith ar fáil chun roghnú gan bheith páirteach. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin siúd, thugamar rabhadh don chuideachta gur dhóchúil go ndéanfaí iad a ionchúiseamh dá ndéanfaidís aon chionta breise faoi Rialachán 13 de I.R. Uimh. 336 de 2011 ag dáta ar bith amach anseo.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 23 Feabhra 2015, phléadáil MTS Property Management Limited ciontach i leith cúiseamh amháin inar seoladh teachtaireachtaí téacs margaíochta gan iarraidh gan toiliú agus phléadáil siad ciontach i leith cúiseamh amháin inar theip orthu meicníocht um roghnú gan bheith páirteach sa teachtaireacht téacs. Chiontaigh an Chúirt an chuideachta sa dá chúiseamh agus ghearr sí dhá fhíneáil €1,000 an ceann uirthi. Chomhaontaigh an cosantóir chun íoc as costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

**Cás-Staidéar 2:
Cionta margaíochta ag Greyhound Household – ionchúiseamh**

I mBealtaine 2014, rinne duine aonair gearán i gcoinne Greyhound Household ar chuir rannóg díolachán na cuideachta glao guthán margaíochta gan iarraidh air ar a ghuthán póca. Rinne an duine aonair céanna gearán linn roimhe seo i Nollaig 2013 mar gheall go raibh teachtaireachtaí margaíochta téacs á bhfáil aige ó Greyhound Household nár thug sé toiliú lena bhfáil. Chuir sé ar an eolas sinn gur chuir sé deireadh le bheith mar chustaiméir den chuideachta i mBealtaine 2013. Ag eascairt ón imscrúdú a rinneadh ar an ngearán a rinneadh roimhe seo, thug Greyhound Household gealltanas sonraí an iar-chustaiméara a scriosadh agus ghabh siad leithscéal leis i scríbhinn. Ar an mbonn sin, thugamar an cheist chun críche tar éis rabhadh foirmiúil a thabhairt inar sonraíodh gur dhóchúil go ndéanfaí aon chionta a dhéanfaí amach anseo a ionchúiseamh.

I ndiaidh an gearán is déanaí a fháil, chuireamar tús le himscrúdú breise. D'admhaigh Greyhound Household gur cuireadh glao gutháin ar ghuthán póca an ghearánaí gan toiliú ach níorbh fhéidir leo a mhíniú cén fáth nár scriosadh a shonraí ar aon dul leis an ngealltanas a thug an chuideachta roimhe sin. Rinneamar an cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh i leith an chiona.

Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 23 Feabhra 2015, phléadáil Greyhound Household ciontach i leith cúiseamh amháin inar cuireadh glao margaíochta gan iarraidh ar uimhir ghuthán póca gan toiliú. Rinne an Chúirt Alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí a chur i bhfeidhm faoi réir go ndearna an cosantóir tabhartas carthanúil €1,000 le Pieta House. Chomhaontaigh an cosantóir chun íoc as costais ionchúisimh an Choimisinéara Cosanta Sonraí.

**Cás-Staidéar 3:
Cionta margaíochta ag Imagine Telecommunications Business Limited – ionchúiseamh**

I Márta 2015, rinne cuideachta ar ar chuir Imagine Telecommunications Business Limited glaonna margaíochta gan iarraidh gearán linn. Rinne an chuideachta chéanna gearán linn in 2014 faoi ghlaonna leantacha mangaireachta gutháin a chur ar a hoifigí. In ainneoin gur sheol an chuideachta iarratas um roghnú gan bheith páirteach chuig Imagine Telecommunications Business Limited, leanadh le glaonna gutháin mhargaíochta a chur uirthi. I ndiaidh dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an gcéad ghearán, agus i ndiaidh gur dearbhaíodh dúinn gur baineadh uimhir ghutháin chuideachta an ghearánaí ón mbunachar sonraí margaíochta, d'eisíomar rabhadh foirmiúil do Imagine Telecommunications Business Limited gur dhóchúil go ndéanfaí aon chionta a dhéanfaí amach anseo a ionchúiseamh.

Tar éis dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán reatha, chuir Imagine Telecommunications Business Limited ar an eolas sinn gur theip orthu an uimhir ghutháin a bhí i gceist a mharcáil mar 'ná déan teagmháil leis' ar an dara liosta de dhá liosta ar a raibh sí le sonrú. Mar thoradh air sin, cuireadh glao ar an uimhir arís i Márta agus i Meitheamh 2015. Luaigh siad gurbh í an t-aon chúis gur glaodh ar an uimhir i ndiaidh an rabhaidh a tugadh roimhe sin ná mar gheall ar an earráid seo agus ghlac siad le freagracht iomlán as.

Rinneamar na cionta a ionchúiseamh ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 2 Samhain 2015. Phléadáil Imagine Telecommunications Business Limited ciontach i leith cúiseamh amháin inar cuireadh glao gutháin mhargaíochta gan iarraidh gan toiliú. Rinne an Chúirt Alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí a chur i bhfeidhm faoi réir go ndearnadh tabhartas carthanúil €2,500 le Tionscadal

Ché na gCeannaithe. Rinneadh costais an ionchúisimh a aisghabháil ón gcosantóir.

**Cás-Staidéar 4:**
**Cionta margaíochta ag Eircom Limited – ionchúiseamh**

Rinne beirt daoine aonair gearán linn i bhFeabhra agus in Aibreán 2015 maidir le glaonna gutháin mhargaíochta ar chuir Eircom Limited orthu ar a ngutháin líne thalún. Sa dá chás, agus sular sheol siad a ngearáin ar aghaidh, sheol na daoine aonair ríomhphoist chuig Eircom Limited inar iarr siad orthu gan glao orthu arís. Thug Foireann Riaracháin Chúram Custaiméirí Eircom freagra ar gach iarratas agus chuir siad na daoine aonair ar an eolas gur baineadh a n-uimhreacha ó bhunachar sonraí margaíochta Eircom. Ina ainneoin seo, cuireadh glao breise margaíochta ina dhiaidh sin ar gach duine aonair i gcaitheamh na míonna dá éis sin, agus spreag seo a gcuid gearán a dhéanamh leis an Oifig seo.

Chuir Eircom in iúl dár n-imscrúduithe nár nuashonraigh na gníomhairí ina Fhoireann Riaracháin Chúram do Chustaiméirí a láimhseáil na hiarratais um roghnú gan bheith páirteach an córas chun an rogha nua margaíochta a chur i gcuntas i ndiaidh an ríomhphost freagartha a sheoladh chuig na daoine aonair a bhí i gceist. Thug sé gealltanas chun an oiliúint riachtanach athnuachana a chur ar na gníomhairí a bhí i gceist.

Ar leithligh, rinne iar-chustaiméir de chuid Eircom gearán i mBealtaine 2013 gur lean Eircom le glaonna gutháin mhargaíochta gan iarraidh a chur air ar a ghuthán líne thalún in ainneoin gur chuir sé in iúl go soiléir do gach glaoiteoir nár mhian leis go gcuirfear breis glaonna air. Luaigh sé gur cuireadh roinnt glaonna air agus gurbh ionann iad agus ionradh gan údar i leith a phríobháideachais. Lean Eircom le deich nglao gutháin mhargaíochta gan iarraidh a chur ar an duine aonair i ndiaidh gur chuireamar tús le himscrúdú a dhéanamh ar a ghearán. Dheimhnigh ár n-imscrúdú, ina dhiaidh sin, gur ndearna Eircom breis agus 50 teagmháil mhargaíochta leis ó 2009 i leith nuair a stop sé de bheith ina chustaiméir de chuid Eircom. Mhínigh Eircom gur eascair na glaonna leantacha ó mhíthuiscint ar cén córais ar roghnaigh uimhir ghutháin an iar-chustaiméara gan bheith páirteach inti a thuilleadh.

I nDeireadh Fómhair 2014, rinne custaiméir de chuid Eircom gearán gur sheol Eircom teachtaireacht téacs margaíochta chuige nár sholáthair bealach dó lena roghnú gan bheith páirteach i dteachtaireachtaí breise téacs margaíochta a fháil. Chuir Eircom in iúl dár n-imscrúdú ar an ngearán seo gur gnáthchleachtas é bealach lena roghnú gan bheith páirteach i ngach ceann dá fheachtais mhargaíochta leictreonaí ach, sa chás seo, agus i ngeall ar earráid an duine, níor socraíodh i gceart an nasc leis an rogha gan bheith páirteach riachtanach. Dheimhnigh ár n-imscrúdú go ndearna an earráid seo difear do bhreis agus 11,600 teachtaireacht mhargaíochta a seoladh san fheachtas a bhí i gceist.

Leanamar ar aghaidh leis na cionta a sainaithníodh a ionchúiseamh de bhun na ngearán a fuarthas sna cásanna thuasluaite. Ag Cúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath an 2 Samhain 2015, phléadáil Eircom Limited ciontach i leith sé chúiseamh inar cuireadh glaonna margaíochta gan iarraidh gan toiliú agus phléadáil sé ciontach i leith cúiseamh amháin inar seoladh teachtaireacht téacs margaíochta gan seoladh bailí go bhféadfadh an faighteoir iarratas um roghnú gan bheith páirteach a sheoladh chuige. Rinne an Chúirt Alt 1(1) den Acht um Promhadh Ciontóirí a chur i bhfeidhm faoi réir go ndearna an cosantóir tabhartais charthanúla arbh ionann iad ar an iomlán agus €35,000, ina measc: €15,000 le Pieta House, €10,000 le LauraLynn (Ospís Leanaí) agus €10,000 le hOpsidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn. Chomhaontaigh an chuideachta chun an costais ionchúisimh a íoc a thabhaigh an Oifig seo.

**Cás-Staidéar 5:**
**Fórsaí Cosanta na hÉireann – teip ar shonraí a choimeád slán agus sábháilte**

Rinne comhalta de na Fórsaí Cosanta gearán leis an Oifig seo nár coimeádadh roinnt sonraí pearsanta a bhain leis sábháilte agus slán ag na Fórsaí Cosanta.

Tháinig cúinsí ghearán an duine aonair chun solais dár nOifig nuair a ceapadh Oifigeach Imscrúdaithe Míleata (OIM) chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearán inmheánach a rinne sé mar chomhalta de na Fórsaí Cosanta. Ina dhiaidh sin, ceapadh Ombudsman na bhFórsaí Cosanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas láimhseála an ghearáin agus, i gcaitheamh athbhreithniú an ghearáin, deimhníodh nach bhféadfadh an OIM sonraí a sholáthar faoi nótaí agallaimh faoinar thug sé leis an ngearánaí mar gheall gur stóráil sé iad ag láthair neamhshlán agus go ndearnadh díobháil dóibh nó gur cailleadh iad i ndiaidh tuile agus buirgléireachta ag an láthair sin nuair a bhí an OIM ar misean thar lear. Ba é teach príobháideach an OIM an láthair neamhshlán, i bhfírinne.

Thugamar an cheist chun solais leis na Fórsaí Cosanta, a dheimhnigh líomhain an ghearánaí gur stóráladh na nótaí ag láthair neamhshlán agus go ndearnadh díobháil dóibh nó gur cailleadh iad, faoi mar a luadh.

Chuir na Fórsaí Cosanta ar an eolas sinn ar na bearta a glacadh chun sonraí a choimeád slán agus sábháilte, agus thagair siad dá nOrdú Riaracháin, a dhéanann soláthar do thoirmeasc a chur ar thaifid a bhaint.

Luaigh na Fórsaí Cosanta, anuas air sin, go sáródh baint taifead óna n-áit choimeádta go dtí áit chónaithe phríobháideach an t-ordú seo agus go bhféadfadh gurbh ionann sárú na forála seo agus cion faoi Alt 168 den Acht Cosanta, 1954. Chuir siad in iúl, mar gheall nach raibh an OIM ag fónamh a thuilleadh mar chomhalta de na Fórsaí Cosanta, nach bhfuil sé faoi réir an dlí mhíleata.

D'aithin na Fórsaí Cosanta go díreach nár cheart gur tharla caillteanas na sonraí

sa chás seo agus b'ábhar mór aiféala é. Chuir siad ar an eolas sinn gur thug siad faoi athbhreithniú iomlán, le déanaí, ar chleachtais agus nósanna imeachta maidir le próiseáil agus nochtadh sonraí chun an fhéidearthacht a mhaolú go ndéanfar aon nochtadh neamhúdaraithe nó de thimpiste ar shonraí pearsanta amach anseo.

Eisíodh cinneadh an Choimisinéara sa ghearán seo i Meitheamh 2015, agus deimhníodh gur sháraigh na Fórsaí Cosanta Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall gur theip orthu bearta cuí slándála a ghlacadh i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ar, nó athrú neamhúdaraithe a dhéanamh ar, nochtadh nó milleadh, shonraí pearsanta an ghearánaí nuair a cheadaigh siad na sonraí a stóráil ag láthair neamhshlán, is é sin, teach príobháideach.

Aithníonn an Oifig seo go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag na Fórsaí Cosanta maidir le sonraí pearsanta a chosaint, faoi mar a leagtar amach ina nOrdú Riaracháin. Níor cloíodh leis na nósanna imeachta siúd sa chás seo, áfach, agus nuair a baineadh taifead oifigiúil dá áit choimeádta, d'eascair gur cailleadh nó gur goideadh sonraí pearsanta an ghearánaí mar gheall nár cloíodh leis na bearta cuí slándála.

Is iomaí cás san áit oibre atá ann ina bhféadfadh gur ghá don fhoireann agus do bhainisteoirí, ach go háirithe, comhaid, sonraí pearsanta ina measc, a thabhairt abhaile leo. Ba cheart a bheith fíor-chúramach i gcónaí sna cásanna siúd lena chinntiú nach ann d'aon riosca i leith shlándáil na sonraí pearsanta cibé acu fad a bhíonn na comhaid á n-iompar nó fad a bhíonn na comhaid i dteach an fhostaí. Ní mór do rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ngníomhaíonn fostaithe ar bhealach freagrach maidir le coimeád agus láimhseáil shlán chomhaid na háite oibre. Teastaíonn córas ceart uaidh seo ina gcuirtear i dtaifead comhaid a ghlacadh agus a thabhairt ar ais agus na nósanna imeachta forordaithe a leanúint chun sonraí pearsanta a choimeád slán fad nach mbíonn na comhaid san áit oibre. Ar an gcuma chéanna, is ríthábhachtach go gcuirtear toirmeasc ar fhostaithe ó chomhaid oifigiúla a sheoladh ar ríomhphoist óna gcuntas ríomhphoist áit oibre chuig a gcuntas ríomhphoist pearsanta chun tabhairt faoi obair i ndiaidh uaireanta oibre nó ar chúis ar bith eile. Sna cásanna siúd, ní bhíonn smacht ag rialaitheoirí sonraí ar shonraí pearsanta a leagann an dlí dualgas orthu a chosaint.

**Cás-Staidéar 6:**
**Breis próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta ag comhlacht stáit**

I bhFeabhra 2015, rinne fostaí de chuid comhlacht stáit gearán linn maidir le próiseáil líomhnaithe éagórach a shonraí pearsanta. Luaigh an gearánaí, i gcaitheamh cruinnithe, gur cuireadh in iúl dó gur iarr a bhainisteoir rochtain ar a shonraí óna svaidhpchárta slándála d'fhonn iad a chur i gcomparáid lena bhileoga ama a chomhlánaigh sé de láimh.  Mhínigh an gearánaí gur tugadh faoi seo gan dul i gcomhairle leis nó lena bhainisteoir líne roimh ré. I dtaobh cúlra de, chuir an gearánaí ar an eolas sinn gurb ar mhaithe le rochtain a fháil ar an bhfoirgneamh agus ar limistéir shlána amháin a úsáideann na fostaithe na svaidhpchártaí, agus nach n-úsáidtear iad mar chóras bainistíochta ama/tinrimh.

Lorgaíomar míniú ón gcomhlacht a bhí i gceist maidir le conas a mheas siad a chomhlíon siad a chuid dualgas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faisnéis phearsanta an ghearánaí á próiseáil a fuarthas ó na sonraí a bhí ar a svaidhpchárta. Chuireamar in iúl don chomhlacht, anuas air sin, go raibh an mhír ábhartha dá lámhleabhar foirne léite againn agus gur thugamar faoi deara nach raibh aon tagairt ann don svaidhpchárta a úsáid ar mhaithe le tinreamh a sheiceáil.

Fuaireamar freagra inar míníodh gur tugadh na sonraí ón svaidhpchárta a bhain leis an ngearánaí do bhainisteoir an ghearánaí le dea-intinn ar an mbonn gurbh ionann agus sonraí corparáideacha, seachas sonraí pearsanta a bhí i gceist. Dheimhnigh an eagraíocht, anuas air sin, gur sheiceáil siad an lámhleabhar foirne agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfaí a scaipeadh ar an bhfoireann i dtaobh chuspóirí an svaidhpchárta agus nár luadh úsáid svaidhpchártaí maidir le ham nó tinreamh a chur i dtaifead in áit ar bith. Chuir an comhlacht in iúl go raibh an fhaisnéis a scaipeadh maidir le svaidhpchártaí dírithe ar shlándáil agus rochtain amháin.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfreagra a fuarthas, anuas ar ábhar an ghearáin, chuireamar an eagraíocht ar an eolas gur mheasamar gur sáraíodh na hAchtanna um Chosaint Sonraí nuair a soláthraíodh sonraí svaidhpchárta an fhostaí dá bhainisteoir chun a uaireanta oibre a fhíordheimhniú. Thagraíomar d'fhorálacha Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ina luaitear nár cheart próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach don chuspóir lena bhfuarthas iad. Nuair a chuirtear san aireamh gur mheasamar gur sháraigh próiseáil na faisnéise a bhí i gceist na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, lorgaíomar dearbhú go scriosfaí gach taifead ríomhphoist a cruthaíodh maidir le próiseáil bhreise na sonraí svaidhpchárta a bhí i gceist óna chórais; soláthraíodh an dearbhú seo mar ba chuí.

Chomhaontaigh an gearánaí sa chás seo, mar réiteach cairdiúil lena ghearán, go nglacfadh sé le leithscéal scríofa óna fhostóir. Aithníodh sa leithscéal seo gur sáraíodh cearta um chosaint sonraí an ghearánaí agus deimhníodh ann gur ghlac an eagraíocht bearta lena chinntiú nach dtarlóidh an saghas seo d'earráid arís amach anseo.

Tugann an cás seo an cathú a bhíonn ar eagraíochtaí chun sonraí pearsanta a úsáid a chuirtear ar fáil dóibh ar mhaithe le cuspóir eile seachas an cuspóir dá bhfuarthas agus dá bpróiseáladh na sonraí siúd i dtosach báire. Tagann an cás a dtugtar cuntas thuas air chun solais go minic, ar an drochuair. Is dealraitheach go mbaineann deacracht le monatóireacht a dhéanamh ar am agus ar thinreamh do bhainisteoirí, agus tagann saincheisteanna conspóideacha aníos ó thráth go chéile. Nuair a bhíonn na saincheisteanna siúd á réiteach, níor cheart go ndéanfaí sárú ar chearta um chosaint sonraí fostaithe faoina mhacasamhail de chúinsí nó faoi chúinsí éagsúla leo siúd a sonraíodh sa chás seo.

**Cás-Staidéar 7:**
**Úsáid iomarcach a bhaint as CCTV ag ollmhargadh chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhalta foirne**

Chuir iar-chomhalta foirne d'ollmhargadh gearán faoi bhráid na hOifige seo maidir leis an úsáid a bhain a fostóir as CCTV.

Chuir an gearánaí ar an eolas sinn go ndearna a fostóir í a dhífhostú mar gheall gur chlúdaigh sí ceamara CCTV le mála i gceaintín na foirne. Chui sí ar an eolas sinn gurbh í an chúis a chlúdaigh sí an ceamara CCTV go ndearna comhghleacaí í a stíleáil a cuid gruaige i gceaintín na foirne fad a bhí sí ar sos oifigiúil. Luaigh an gearánaí, anuas air sin, gur suiteáladh an ceamara i gcúinne cheaintín na foirne agus nach raibh aon chomharthaíocht ann leis an bhfoireann a chur ar an eolas go raibh faireachas ar bun. Chuir sí ar an eolas sinn nár cuireadh ar an eolas go hoifigiúil riamh í gurbh ann don cheamara ná níor chuir a fostóir ar an eolas í ar chuspóir an CCTV sa cheaintín.

Mar fhreagairt ar ár n-imscrúdú, chuir an t-ollmhargadh ar an eolas sinn gur dífhostaíodh an gearánaí i ngeall ar mhí-iompar tromchúiseach a tharla nuair a chlúdaigh sé an ceamara sa cheaintín le mála chun cosc a chur ar a gníomhartha a thaifeadadh, agus gur sáraíodh beartas ionracais an siopa faoi mar a dtugtar breac-chuntas air sa lámhleabhar. Chuir úinéir an ollmhargaidh ar an eolas sinn go ndearnadh ceamaraí CCTV a oibriú laistigh den timpeallacht mhiondíola chun cosc a chur ar chrapadh, ar féidir leis titim amach i ngeall ar ghoid ag custaiméirí, cur amú agus goid ag an bhfoireann. Luaigh sé gur úsáideadh é, chomh maith leis sin, ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht, chun bulaíocht agus ciapadh a chomhrac agus ar mhaithe le sláinteachas foriomlán an cheaintín. Maidir leis an teagmhas a bhain leis an ngearánaí, chuir an t-úinéir ar an eolas sinn, ar an lá a bhí i gceist, gur thug bainisteoir an tsiopa faoi deara go raibh roinnt custaiméirí ag gníomhú go hamhrasach timpeall ar an limistéar saincheadúnais agus go ndearnadh an píosa scannáin CCTV a athbhreithniú an lá dar gcionn. Fad a bhíothas ag amharc ar an bpíosa scannáin a bhain leis an ngníomhaíocht amhrasta sa limistéar saincheadúnais, thug sé an gearánaí faoi deara agus an ceamara á chlúdach ag mála.

I ndiaidh do dhuine dár nOifigigh Údaraithe imscrúdú a dhéanamh, chuireamar úinéir an ollmhargaidh ara n eolas, inár dtuairim, nach raibh aon údar ó pheirspictíocht slándála de, le ceamara a bheith suiteáilte i limistéar an cheaintín.

Dhiúltaigh an gearánaí sa chás seo tairiscint de réiteach cairdiúil agus d'iarr sí ar chinneadh foirmiúil an Choimisinéara.

Dheimhnigh cinneadh an Choimisinéara in Eanáir 2015 gur sháraigh an t-ollmhargadh Alt 2(1)(c)(iii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, trí phróiseáil iomarcach a dhéanamh ar shonraí pearsanta an ghearánaí trí cheamara CCTV i gceaintín na foirne.

Bíonn cathú ar rialaitheoirí sonraí faisnéis phearsanta a úsáid a ghabhtar ar chórais CCTV ar mhaithe le réimse iomlán cuspóirí. Bíonn cúiseanna ag go leor gnólachtaí ar féidir údar a thabhairt leo, a bhaineann le slándáil de ghnáth, chun córais CCTV a úsáid ar a n-áitreabh ach má bhaintear aon úsáid bhreise as sonraí pearsanta a ghabhtar ar an mbealach seo, tá an dlí á shárú faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí murar chuir an rialaitheoir sonraí in iúl, ar a laghad, ag tráth an taifeadta, gur féidir íomhánna a gabhadh a úsáid do na cuspóirí breise siúd, anuas ar chothromaíocht a bhaint amach idir cearta bunúsacha fostaithe i leith príobháideachais ag an obair i gcásanna áirithe, ar nós ceaintíní foirne agus seomraí feistis.

**Cás-Staidéar 8:**
**Faisnéis phearsanta a nochtadh do thríú páirtí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí**

Rinneadh gearán leis an Oifig seo in Iúil 2014 a bhain le nochtadh neamhúdaraithe líomhnaithe d'fhaisnéis phearsanta an ghearánaí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le tríú páirtí. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn, i gcaitheamh éisteacht an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, gur sholáthair a fostóir don éisteacht ráiteas um shochar breoiteachta a bhain léi. Cuimsíodh sa ráiteas faisnéis ar nós a hainm, a seolta, a UPSP, a dáta breithe, a sonraí bainc agus líon na gcleithiúnaithe linbh. Luaigh sí gur fiafraíodh dá fostóir conas a fuair sé an ráiteas um shochar breoiteachta seo. Luaigh sé gur chuir sé glao ar an Roinn Coimirce Sóisialaí agus gur seoladh an ráiteas chuige ina dhiaidh sin ar ríomhphost. Sula ndearna sí an gearán leis an Oifig seo, gabhadh leithscéal leis an ngearánaí, trína haturnaetha, ón Roinn, a d'aithin gur nochtadh a sonraí go hearráideach agus nár leanadh nósanna imeachta cearta. Chuir sí ar an eolas sin go raibh fíor-bheagán faisnéise aici maidir le conas a tharla an nochtadh agus gur chruthaigh an cheist suaitheadh suntasach di.

Chuireamar tús le himscrúdú trí scríobh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar fhreagairt, luaigh an Roinn gur ghlac sí leis gur nochtadh ráiteas um shochar breoiteachta d'fhostóir an ghearánaí go hearráideach de bhun glao gutháin a chuir an fostóir ar an Roinn. D'aithin an Roinn nár cheart gur seoladh an fhaisnéis chuig an bhfostóir agus nár leanadh na nósanna imeachta cearta an babhta seo. Luaigh an Roinn nach raibh an comhalta foirne a sholáthair an fhaisnéis ag oibriú sa Roinn ach ar feadh tamaill. Mhínigh an Roinn nárbh ionann agus gnáthchleachtas é chun gabháil scáileáin a eisiúint don fhostóir, ba é an nós imeachta ceart chun ráiteas a eisiúint don fhostaí anuas ar nóta a chuireann an fostaí ar an eolas gur iarr a bhfostóir ar an bhfaisnéis.

Roghnaigh an t-ábhar sonraí gach glacadh le leithscéil ón Roinn mar réiteach cairdiúil ar a gearán um chosaint sonraí, agus roghnaigh sí, ina ionad sin, chun cinneadh foirmiúil a lorg ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Eisíodh cinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí i nDeireadh Fómhair 2015. Ina cinneadh, bhí an Coimisinéir faoin tuairim gur sháraigh an Roinn Coimirce Sóisialaí Alt 2(1)(c)(ii) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar gheall go ndearnadh próiseáil bhreise ar shonraí pearsanta an ghearánaí ar bhealach nach raibh comhoiriúnach don chuspóir lena bhfuarthas iad. Tharla an sárú nuair a nocht

an Roinn Coimirce Sóisialaí sonraí pearsanta an ghearánaí do thríú páirtí neamhúdaraithe.

Is ionann an cás seo agus meabhrúchán do rialaitheoirí sonraí ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcuirtear an oiliúint iomlán ar an bhfoireann nua agus go ndéantar iad a mhaoirsiú i ngach tasc a dhéanann siad, go háirithe sna tascanna siúd lena mbaineann sonraí pearsanta a phróiseáil. Cruthaíonn earráidí ag an bhfoireann ardriosca i leith sáruithe ar shonraí ar bhonn leanúnach agus tá sé ríthábhachtach go ndéantar iarrachtaí chun maolú a dhéanamh i gcoinne na rioscaí siúd trí fheasacht um chosaint sonraí a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, agus béim ar leith ar fhoireann nua nó athshannta.

**Cás-Staidéar 9:**
**CCTV ceilte suiteáilte gan an bhainistíocht a bheith curtha ar an eolas**

Rinne foireann Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn gearán leis an Oifig seo maidir le faireachas ceilte CCTV ag an mbainistíocht laistigh de Rannóg Chothabhála Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn.

Chomh maith leis sin, fuaireamar 'Tuairisc Theagmhais um Shárú Sonraí' ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoin gceist seo. Cuireadh i gcuntas sa tuairisc seo ar shárú an teagmhas mar 'Faireachas Neamhúdaraithe CCTV ar Limistéar na hOifige' agus luadh inti gur shuiteáil beirt saoistí cothabhála ceamara ceilte CCTV ina n-oifig beirt fhear mar gheall ar bhuarthaí a raibh orthu maidir le slándáil a n-oifige.

Chuireamar tús le himscrúdú ar an ngearán trí scríobh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ina dtugtar breac-chuntas ar shonraí an ghearáin. Lorgaíomar faisnéis ó FSS a bhain leis na socruithe tuairiscithe idir an fhoireann chothabhála in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn agus an saoiste cothabhála a shuiteáil an CCTV ceilte; an áit ar ghabháil an píosa scannáin CCTV ceilte; toradh an imscrúdaithe inmheánaigh; conas a suiteáladh an CCTV ceilte gan fógra a thabhairt do lucht bainistíochta Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn; agus sonraí faoi aon ordú nó fógra a eisíodh don fhoireann de bhun imscrúdú inmheánach.

Mar fhreagairt, luaigh FSS gur mhaoirseoirí díreacha fhoireann na rannóige cothabhála a bhí sna saoistí a shuiteáil an ceamara agus go raibh an píosa scannáin a taifeadadh stóráilte ar DVD agus go raibh sé á choimeád i dtaisceadán faoi ghlas. Luaigh sa tuairisc, lena chois sin, go raibh sé ina chonclúid ag imscrúdú inmheánach gur shuiteáil beirt chomhaltaí foirne an CCTV ceilte gan údarás, toiliú nó eolas lucht bainistíochta Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, i ngeall ar bhuarthaí a bhain le rochtain/slándáil neamhúdaraithe ina n-oifig. Dheimhníomar gur suiteáladh an ceamara a bhí faoi chaibidil roimhe sin i limistéar den ospidéal nach n-úsáidtear faoi láthair, go ndearnadh é a dhíchoimisiúnú agus gur athshuiteáladh é san oifig atá i gceist.

Anuas ar a dheimhniú gur ghabháil an píosa scannáin a ghabháil an ceamara ceilte gnáthghníomhaíochtaí laethúla isteach agus amach ón oifig cothabhála, luaigh FSS gurbh ionann seo agus gníomh neamhúdaraithe ag an bhfoireann sa rannóg cothabhála agus go raibh siad an-fheasach ar a ndualgas i leith na foirne uile chun áit oibre a sholáthar atá saor ó fhaireachas neamhúdaraithe. Dheimhnigh FSS go gcuirfidís tús le bearta lena chinntiú nach dtarlódh an gníomh seo arís.

Ghabh leithscéal scríofa leis na gearánaithe, ina dhiaidh sin, inar dheimhnigh siad gur milleadh na taifeadtaí, chomh maith.

Eisíodh cinneadh an Choimisinéara Cosanta Sonraí in Aibreán 2015. Ina cinneadh, bhí an Coimisinéir faoi tuairim gur sháraigh FSS Alt 2(1)(a) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar gheall gur theip orthu sonraí daoine aonair a fháil nó a phróiseáil, ar ghabh agus ar thaifead CCTV ceilte a n-íomhánna a suiteáladh i ngan fhios dóibh nó gan a dtoiliú.

Ní gnách go gceadaítear faireachas ceilte ach ar bhonn cás ar chás, sa chás go gcoimeádtar na sonraí ar mhaithe le cosc a chur ar chionta, cionta a bhrath nó imscrúdú a dhéanamh ar chionta, nó chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh. Tugann seo le fios nach mór beartas sonrach scríofa a chur i bhfeidhm ina sonraítear an cuspóir, an fírinniú, na nósanna imeachta, na bearta agus na cosaintí a chuirfear i bhfeidhm maidir le faireachas ceilte arb é an cuspóir deiridh go mbíonn baint ghníomhach ag an nGarda Síochána nó ag údarás ionchúisimh eile. Is soiléir gur cheart go ndéanfadh rialaitheoir sonraí aon chinneadh chun ceamaraí ceilte a shuiteáil mar rogha deiridh i ndiaidh triail a bhaint as gach beart imscrúdaithe uile eile atá ar fáil.

**Cás-Staidéar 10:**
**Roinneann Danske Bank faisnéis faoi chuntas le tríú páirtithe go hearráideach**

Rinneadh gearán linn i gcoinne Danske Bank inar líomhnaíodh gur nocht sé sonraí pearsanta agus faisnéis chuntais maidir le morgáiste ar réadmhaoin a bhí faoi úinéireacht an ghearánaí le tríú páirtithe. Chuireamar tús le himscrúdú na ceiste trí scríobh chuig Danske Bank agus cuntas a thabhairt dóibh ar shonraí an ghearáin. Fuaireamar freagra mear ó Danske Bank, inar luadh gur chomhiasachtaithe an gearánaí agus an duine aonair a fuair a shonraí pearsanta ar shaoráidí áirithe iasachta agus gurb i gcaitheamh cumarsáid ríomhphoist a dhéanamh leis an duine aonair eile maidir le riaráistí iasachta an duine aonair sin gur nochtadh na sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánaí do dhá thríú páirtí. D'admhaigh Danske Bank gurbh ionann seo agus earráid thar a gceann agus luaigh siad go raibh an mí-ádh orthu gur tharla sé. Lean siad ar aghaidh lena mhíniú, fad a bhí siad ag déileáil leis na ceisteanna a thug an duine aonair eile chun solais maidir lena riaráistí agus a nochtadh iomlán le Danske Bank, chuir an bainisteoir caidrimh faisnéis san áireamh, chomh maith, ar gach riaráiste maidir le ceangail an duine aonair sin, an gearánaí ina measc. Léirigh an comhalta foirne a bhí i gceist go raibh aiféala air gur tharla an teagmhas agus dheimhnigh Danske Bank gur mheabhraíodh don chomhalta foirne a chuid nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí agus an gá a bheith aireach nuair a dhéileáiltear le sonraí pearsanta custaiméirí. Ghabh Danske Bank leithscéal as an teagmhas agus dhearbhaigh sé go dtabharfadh sé

faoin chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís amach anseo.

Luaigh Danske Bank, lena chois sin, go raibh rialúcháin dhaingne i bhfeidhm aige lena chinntiú nach dtarlaíonn na teagmhais sin; ach d'admhaigh sé, áfach, in ainneoin na rialúchán siúd, gurbh earráid an duine a bhí i gceist leis an gcás seo agus níor chreid sé go ndearnadh an earráid d'aon turas ar bhealach ar bith.

D'iarr an gearánaí go n-eiseodh an Coimisinéir Cosanta Sonraí cinneadh foirmiúil ar a ghearán. Eisíodh cinneadh an Choimisinéara in Eanáir 2015, agus luadh ann, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán, gur sháraigh Danske Bank Alt 2(1)(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 trí shonraí pearsanta an ghearánaí a nochtadh do líon tríú páirtithe gan é a bheith curtha ar an eolas nó toiliú a bheith tugtha aige.

Léiríonn an cás seo gur gá d'institiúidí airgeadais a bheith aireach nuair a dhéileálann siad le sonraí pearsanta daoine aonair a bhfuil caidreamh coiteann baincéireachta acu le daoine eile, agus lena chinntiú go bhfuil na cosaintí cuí i bhfeidhm chun cosc a chur ar shonraí pearsanta a roinnt go hearráideach nó de thimpiste.

**Cás-Staidéar 11:**
**Baineann teip ar sheoladh custaiméara a nuashonrú de rúndacht sonraí pearsanta**

Rinneadh gearán leis an Oifig seo gur theip ar Bhanc-Aontas Éireann (AIB) sonraí pearsanta an ghearánaí a choimeád cothrom le dáta i gcaitheamh tréimhse fhadálach, in ainneoin gur iarr an duine aonair go ndéanfaí amhlaidh, agus gur theip orthu slándáil fhaisnéis phearsanta an duine aonair a choimeád. Chuir an gearánaí ar an eolas sinn gur iarr sé go leanúnach ar AIB chun a shonraí seolta a nuashonrú ach gur theip orthu amhlaidh a dhéanamh. Mar thoradh air sin, leanadh lena chomhfhreagras ó AIB a sheoladh chuig a iar-sheoladh. Líomhnaigh an gearánaí, ag eascairt ón teip ar AIB chun a sheoladh a nuashonrú, gur nochtadh a chomhfhreagras inar cuimsíodh a shonraí pearsanta, a sheol AIB chuig a iar-sheoladh, do thríú páirtithe anaithnid ag a iar-sheoladh.

Chuireamar tús le himscrúdú na ceiste trí scríobh chuig AIB, agus cuntas a thabhairt ar shonraí an ghearáin. Dheimhnigh AIB dúinn, i ngeall ar chliseadh ar phróisis inmheánacha, nár nuashonraíodh seoladh comhfhreagrais an ghearánaí ar a gcórais go léir ar bhealach tráthúil, as ar eascair gur leanadh le litreacha uathoibrithe riaráistí a eisiúint do sheanseoladh.

Faoi chúinsí inar cuireadh in iúl do AIB gur athraigh an gearánaí a sheoladh, sásaíodh dár n-imscrúdú gur theip ar sheoladh leanúnach comhfhreagrais sa phost nó comhfhreagras a sheachadadh de láimh ag AIB a bhí beartaithe don ghearánaí, chuig an iar-sheoladh sonraí pearsanta an ghearánaí a choimeád slán i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ag páirtithe a raibh rochtain acu ar an mbosca litreacha ag an iar-sheoladh.

Níor éirigh le hiarrachtaí chun an gearán a réiteach trí réiteach cairdiúil agus lorg an gearánaí cinneadh foirmiúil. Ina cinneadh, bhí an Coimisinéir faoin tuairim gur sháraigh AIB Alt 2(1)(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 mar gheall gur theip orthu sonraí pearsanta an ghearánaí a choimeád cothrom le dáta. Tharla an sárú seo nuair a theip ar AIB iarsheoladh an ghearánaí a bhaint óna chuntas in ainneoin gur chuir sé in iúl amhlaidh a dhéanamh. Bhí an Coimisinéir faoin tuairim, chomh maith, gur sháraigh AIB Alt 2(1)(d) mar gheall gur theip ar bhearta slándála tosaíochta a ghlacadh i gcoinne rochtain neamhúdaraithe i leith shonraí pearsanta an ghearánaí trí chomhfhreagras a sheoladh sa phost agus a sheachadadh de láimh chuig seoladh nár chónaigh sé ann a thuilleadh, agus é sin a dhéanamh agus AIB feasach air nárbh é seo a sheoladh cónaithe a thuilleadh.

Léiríonn an cás seo an gá atá leis go gcinntíonn gach rialaitheoir sonraí go gcoimeádtar sonraí pearsanta cruinn agus cothrom le dáta ag gach tráth. Má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, d'fhéadfaí sonraí pearsanta a nochtadh do dhaoine neamhúdaraithe anuas ar bheith ina údar le suaitheadh agus buairt neamhriachtanach ar ábhair shonraí a nuashonraigh an rialaitheoir sonraí leis an bhfaisnéis is cruinne, seachas nach raibh na cosaintí riachtanacha i bhfeidhm chun cosc a chur ar chomhghéilleadh a dhéanamh ar a sonraí pearsanta trí iar-sheoladh a úsáid, faoi mar a tharla sa chás seo.

**Cás-Staidéar 12:**
**Úsáid éagórach a bhaint as sonraí CCTV**

Ba é ábhar an ghearáin seo gur bhain an rialaitheoir sonraí úsáid as píosa scannáin CCTV i bpróiseas disciplíne ina raibh duine dá thiománaithe i gceist. Chuir an rialaitheoir sonraí, Aircoach, go raibh athbhreithniú á dhéanamh aige ar phíosa scannáin CCTV ó cheann dá chóistí fad a bhíothas ag déileáil le saincheist neamhghaolmhar ghearáin ó chustaiméir nuair a thug an rialaitheoir sonraí faoi deara go raibh a guthán póca á úsáid ag tiománaí fad a bhí cóiste á thiomáint aici.

Faoi mar a bhíonn i gceist go minic i dtaobh na ngearán seo, chuir an gearánaí in aghaidh an phíosa scannáin CCTV a úsáid i bpróiseas disciplíne faoinar thug Aircoach ina leith. Ba é bunús a haighneachta ná go bhfuarthas an fhianaise seo ar bhealach éagórach.

Chuir Aircoach ar an eolas sinn gur thug sé CCTV isteach ar fud a fhlít d'fhonn feabhas breise a chur ar shábháilteacht agus slándáil don fhoireann agus do chustaiméirí araon. Thug sé le fios, ina theannta sin, go gcuirtear an fhoireann go léir ar an eolas go bhfuil CCTV suiteáilte agus ar na cúiseanna atá le húsáid, ach d'admhaigh sé nach ndearnadh iarrachtaí suntasacha ach go dtí lár na bliana 2014 chun an fhoireann agus na custaiméirí a chur ar an eolas go hiomlán maidir le láithreacht CCTV ar a chóistí. Sholáthair Aircoach cóip dúinn dá bheartas nua CCTV agus sholáthair sé grianghraif dúinn ar a dtaispeántar an chomharthaíocht CCTV ag doirse iontrála na gcóistí, agus luaigh sé, anuas air sin, gur cuireadh tús leis an bpróiseas inar cuireadh an chomharthaíocht chuí i bhfeidhm ar a chóistí in Eanáir 2014 agus gur tugadh chun críche é faoi Dheireadh Fómhair 2014.

Foráiltear don dlí a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta, íomhánna CCTV ina measc, faoi Alt 2 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Is éard atá i gceist le próiseáil, i measc rudaí eile, sonraí pearsanta a fháil agus a úsáid ag rialaitheoir sonraí agus ní mór go mbeadh sé dlisteanach trí thagairt a dhéanamh do cheann amháin de na coinníollacha a dtugtar cuntas orthu faoi Alt 2A(1) de na hAchtanna. Anuas air sin, ní mór do rialaitheoir sonraí na ceanglais um próiseáil chóir a shásamh a leagtar amach faoi Alt 2D(1) de na hAchtanna, a cheanglaíonn go soláthraítear faisnéis áirithe ríthábhachtach d'ábhar sonraí sula gcuirtear aon sonraí pearsanta i dtaifead.

Dheimhnigh an t-imscrúdú sa chás seo, ag tráth an teagmhais ábhartha an 19 Feabhra 2014, go raibh tús curtha le tabhairt isteach na Comharthaíochta CCTV ag Aircoach; ach gur theip ar an gcuideachta an fhoireann a chur ar an eolas go hiomlán go bhféadfadh go n-úsáidfí CCTV in imeachtaí disciplíneacha. Ba cheart go dtabharfaí faoi aon mhonatóireacht ar iompar fostaithe trí cheamaraí CCTV a úsáid faoi chásanna eisceachtúla seachas mar ghnáthamh agus ní mór gurb ionann agus freagairt chomhréireach í ag fostóir ar an riosca a bhíonn i gceist, agus aird á tabhairt ar an bpríobháideachas dlisteanach agus ar leasanna eile oibrithe. Sa chás seo, nuair a bhí íomhá an ghearánaí á próiseáil, ní raibh Aircoach feasach ar aon riosca ar leith a chruthófaí agus, faoi mar a d'admhaigh sé féin, bhí ceist neamhghaolmhar á imscrúdú aige. Cé gur tharla, ina dhiaidh sin, gur theagmhas an-tromchúiseach a bhí sa teagmhas a bhí i gceist, ina raibh úsáid líomhnaithe guthán póca ag tiománaí fad a bhí sí ag tiomáint i gceist, níor tugadh le fios in aon chor ag tráth féin na próiseála gurbh amhlaidh a bhí i gceist agus bhain easpa fírinnithe leis an bpróiseáil dá bharr. Sa mhullach air sin, níor comhlíonadh na ceanglais um próiseáil chóir a leagtar amach in Alt 2D agus níor tugadh fógra cóir i leith na próiseála ar mhaithe le himeachtaí disciplíne, go sonrach, do thiománaithe a bhféadfadh gur gabhadh a n-íomhánna agus a bhféadfadh go n-úsáidfí ina leith iad. Faoi na cúinsí siúd, ní fhéadfaí a mhaíomh go ndearnadh an phróiseáil i gcomhlíonadh na nAchtanna agus ba dhealraitheach don Choimisinéir gur sáraíodh Alt 2(1)(a).

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbraitheann próiseáil íomhánna CCTV in imeachtaí disciplíneacha i gcoinne fostaí go mór ar chúinsí. Ar an ábhar sin, cé gur deimhníodh gur sháraigh an fostóir na hAchtanna mar gheall gur próiseáladh na híomhánna gan cúis inchosanta nó gan fógra cóir don fhostaí a bhí faoi chaibidil, faoi chúinsí eile, d'fhéadfaí caitheamh leis an bpróiseáil amhail bheith i gcomhréir agus cóir, go háirithe má dhéantar an phróiseáil mar fhreagairt ar chás práinneach agus go bhfuil na nósanna imeachta cearta i bhfeidhm ag an bhfostóir. Ba cheart go mbeadh fostóirí cúramach lena chinntiú go bhfuil beartas cuimsitheach CCTV i bhfeidhm agus go leantar é más mian leo a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh i gcónaí.

# CUR I LÁTHAIR AGUS CAIDREAMH GNÍOMHACH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

In 2015, choimeád an Coimisinéir agus a foireann sceideal leanúnach for-rochtana ar bun agus rinne siad idirchaidreamh gníomhach le bonn fairsing páirtithe leasmhara. Ina measc seo, bhí cruinnithe le hionadaithe na gcuideachtaí iomadúla ilnáisiúnta teicneolaíochta, meán sóisialta agus idirlín bunaithe sa dlínse seo, anuas ar fhreastal ar imeachtaí iomadúla tionscail. Chomh maith leis sin, chun infheictheacht agus inrochtaineacht na hOifige a mhéadú, chuir an Coimisinéir agus a foireann cur i láthair ar bun ag seimineáir, comhdhálacha agus d'eagraíochtaí aonair, ina measc comhlachtaí earnála poiblí, breis agus 60 uair i rith na bliana. I measc na samplaí tá:

- Comhdháil Bhliantúil Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann
- Comhdháil na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (an IGIE) maidir le Cosaint Sonraí agus Príobháideachas sa Ré Dhigiteach
- Cruinniú Mullaigh um Príobháideachas Domhanda an IAPP, Washington DC
- Comhdháil Earraigh Údaráis um Chosaint Sonraí na hEorpa, Manchain
- Comhdháil um Chosaint Sonraí Ghnóthaí Poiblí Éireann (Public Affairs Ireland)
- Cruinniú Mullaigh Sonraí Náisiúnta Anailísíochta Olltiomsaithe Sonraí
- Imeacht 'Gnó a Thógáil i gCúram' ('Taking Care of Business') Phort Láirge
- An Coiste Idir-Rannach um Chosaint Sonraí
- Lárionad na hÉireann um Dhlí na hEorpa agus Imeacht Chomhairle Barra na hÉireann ar Thosaíochtaí Rialála faoi Chóras um Chosaint Sonraí ag a bhfuil Acmhainní níos Fearr
- Comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta de Dhlíthe Príobháideachais agus Gnó, Cambridge
- Coiste Eitic Thaighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige 'Ag Fás Aníos in Éirinn'
- Imeacht Feasachta faoi Urraíocht an Stáit de chuid Roinn an Taoisigh
- Rang Máistreachta sa Dlí UCD
- Seimineár Chumann Bainisteoir Comhar Creidmheasa
- Clár Forbartha Céimithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Imeacht Foirne Maoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí
- An ISACA – Cruinniú Ginearálta Bliantúil Ireland Chapter

# STAITISTICÍ CLÁRÚCHÁN

Tá ceanglas dlíthiúil ar roinnt catagóirí de rialaitheoirí sonraí chun clárú a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ar bhonn bliantúil. Tugtar sainmhíniú in Alt 16(1) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 ar na daoine lena mbaineann an ceanglas clárúcháin. Baineann an ceanglas chun clárú le gach rialaitheoir sonraí agus gach próiseálaí sonraí atá i seilbh sonraí pearsanta thar ceann na rialaitheoirí sonraí, seachas sna cásanna a leanas:

- eagraíocht ‘neamhbhrabúis’ atá sa rialaitheoir;
- déantar próiseáil ar shonraí ar mhaithe le clár atá ar fáil go poiblí;
- déantar próiseáil ar shonraí de láimh (seachas d’aon chatagóirí sonracha de shonraí forordaithe).

D’fhéadfadh go mbeadh rialaitheoirí sonraí díolmhaithe ó chlárú, chomh maith, faoi fhorálacha Rialachán 3 de I.R. 657 de 2007. Is gá na díolúintí seo a scrúdú, áfach, i gcomhar le Rialachán 4 de I.R. Uimh. 657 de 2007, ina leagtar amach na catagóirí de rialaitheoirí sonraí a gceanglaítear orthu chun clárú i gcónaí. Má shonraítear rialaitheoir sonraí faoi Rialachán 4, ní bhaineann na díolúintí a liostaítear faoi Rialachán 3 de I.R. Uimh. 657 de 2007.

Tá gach rialaitheoir sonraí, gan aird ar cé acu an gceanglaítear nó nach gceanglaítear orthu clárú a dhéanamh, faoi cheanglas na bhfreagrachtaí um chosaint sonraí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ar an gcuma chéanna, próiseas ar leith dlíthiúil atá i gclárúchán agus níor cheart an tuiscint a bhaint go huathoibríoch go meastar go bhfuil eagraíocht go hiomlán comhlíontach i dtaobh cosaint sonraí de bhua go bhfuil a n-iontráil chlárúcháin cothrom le dáta acu.

B’ionann an líon iomlán iontrálacha cláraithe in 2015 agus 6,235. Is féidir an figiúr seo a mhiondealú sna catagóirí a leanas:

| **Catagóir** | **Líon** |
|---|---|
| Institiúidí airgeadais agus creidmheasa | 591 |
| Eagraíochtaí árachais | 322 |
| Daoine a bhfuil margaíocht dhíreach, teistiméireachtaí creidmheasa a sholáthar nó fiachais a bhailiú i gceist go hiomlán nó go príomha lena ngnó | 78 |
| Soláthraithe teileachumarsáide/idirlín | 58 |
| An earnáil sláinte | 2,207 |
| Cógaiseoirí | 1,137 |
| Ilghnéitheach | 447 |
| Próiseálaithe sonraí | 1,395 |

Líon iomlán na n-iontrálacha cláraithe

| **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|
| 5,778 | 6,196 | 6,235 |

In 2015, tháinig méadú 39 eagraíocht, thart ar 0.6%, ar an líon eagraíochtaí a cláraíodh.

# AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**Cuntas fáltas agus íocaíochtaí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Fáltais** | **€** | **€** |
| Airgead a sholáthair an tOireachtas | 2,961,190 | 274,438 |
| Táillí | 670,307 | 715,697 |
| | **3,631,497** | **2,990,135** |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Costais foirne | 1,988,987 | 1,654,900 |
| Costais bhunaíochta | 283,396 | 73,115 |
| Táillí dlíthiúla agus gairmithe | 549,365 | 522,145 |
| Táillí iniúchóirí | 4,600 | 4,117 |
| Costais ilghnéitheacha | 134,842 | 20,161 |
| | **2,961,190** | **2,274,438** |
| Íocaíochtaí fáltas don bhliain leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 648,073 | 415,347 |
| Fáltais atá iníoctha leis an Vóta d'Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag deireadh na bliana | 22,234 | 300,350 |
| | **3,631,497** | **2,990,135** |

# TUARASCÁIL FUINNIMH

**Léargas Ginearálta**

**Baile Átha Cliath**
D'oscail an CCS a bhunáit i mBaile Átha Cliath, a chuir le láthair reatha Chúil an tSúdaire i lár na bliana 2015. Tá sé suite go sealadach i bhFoirgneamh Regus, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, agus meastar go n-aistreofar an fhoireann go dtí láthair bhuan i mBaile Átha Cliath i lár na bliana 2016, agus soláthrófar tuarascálacha iomlána fuinnimh amach anseo.

**Cúil an tSúdaire**
Tá bunáit an CCS i gCúil an tSúdaire lonnaithe ar an urlár uachtarach i bhfoirgneamh dhá stór a tógadh in 2006 ina bhfuil achar urláir 13.38 méadar cearnach. Ag deireadh 2015, cuireadh cóiríocht ar fáil do 28 comhalta foirne sa limistéar seo.

In 2015, lean gás agus leictreachas le haghaidh téimh, soilsiú agus úsáidí eile bheith mar fhoinsí na príomhúsáide fuinnimh.

In 2015, b'ionann an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh agus C1.

**Gníomhartha faoinar Tugadh**
Ghlac an CCS páirt i gcóras ar líne an SEAI in 2015 ar mhaithe lenár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. 542 de 2009).

Úsáid bhliantúil fuinnimh na hOifige don bhliain 2015:

| **Úsáid** | **84,991.25 KWH** |
|---|---|
| Neamhleictreach | 44,631.25 KWH |
| Leictreach | 40,360 KWH |

Lean an CCS lena chuid iarrachtaí chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú trína chinntiú go múchtar gach trealamh leictreach agus soilsiú ag deireadh gach lae gnó.

Canal House
Station Road
Portarlington
Co. Laois
Ireland

| | |
|---|---|
| Lo Call Number | 1890 252 231 |
| Telephone | +353 57 868 4800 |
| Fax | +353 57 868 4757 |
| E-mail | info@dataprotection.ie |


An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Data Protection Commissioner